# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

## PLEAN SEIRBHÍSE 2021

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your future
European Social Fund
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
QQI AWARD

## Bord BOO Chiarraí 2021 (ón 1 Márta 2021)

An Comhairleoir Michael Cahill
An Comhairleoir Johnnie Wall
An Comhairleoir Cathal Foley
An Comhairleoir Jim Finucane *(An Cathaoirleach)*
An Comhairleoir Fionnán Fitzgerald
An Comhairleoir Deirdre Ferris
An Comhairleoir Maura Healy-Rae
An Comhairleoir Marie Moloney
An Comhairleoir Norma Moriarty
An Comhairleoir Terry O'Brien
An Comhairleoir Niall O'Callaghan
An Comhairleoir Aoife Thornton
An tUasal Joseph Brennan
An tUasal Noel Keenan
Maria O'Gorman, Uasal
An tUasal Tim Daly
An tUasal John O'Roarke
Joan Mc Crohan, Uasal
An tUasal Zaid Kassoob
Catríona Kerin, Uasal

## Coiste Feidhmiúcháin BOO Chiarraí 2021 (ón 1 Márta 2021)

An tUasal Colm Mac Gíolla Bhuí *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
Ann O'Dwyer, Uasal *An Stiúrthóir Scoileanna, Óige & Ceoil*
Maria Brennan, Uasal *An Stiúrthóir Tacaíochta & Forbartha Eagraíochta*
An tUasal Owen O'Donnell *An Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna*

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **Teachtaireacht ón gCathaoirleach** | | 4 |
| **Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** | | 5 |
| **1.** | **Próifíl BOO Chiarraí** | 6 |
| | - Misin agus Bunluachanna | 7 |
| | - Struchtúr Eagraíochta | 8 |
| | - Seirbhísí BOO Chiarraí | 9 |
| **2.** | **Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022** | 11 |
| **3.** | **Comhaontú Feidhmíochta** | 12 |
| **4.** | **Ráiteas ar Sheirbhísí** | 14 |
| **5.** | **Socruithe Forfheidhmithe agus Monatóireachta** | 34 |
| **6.** | **Seirbhísí Neamhlárnacha a mheasúnú - CL0003/2019** | 35 |
| **7.** | **Ráiteas Inghlacthachta Riosca BOO Chiarraí 2021** | 36 |
| ***Aguisín I*** | *Faltais agus Caiteachas Réamh-mheasta* | *38* |
| ***Aguisín II*** | *Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022: Spriocanna agus Cuspóirí* | *43* |
| ***Aguisín III*** | *Liosta na bhFíoracha agus Aguisíní* | *48* |

# TEACHTAIREACHT ÓN gCathaoirleach



Mar Chathaoirleach ar Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí), tá ríméad orm fáilte a chur romhat chuig *Plean Seirbhíse BOO Chiarraí 2021*.

Forbraíodh Plean Seirbhíse BOO Chiarraí 2021 i gcomhréir le:

- Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022,
- An Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú (CL:0002/2019) agus
- Na Comhaontuithe Maoirseachta agus Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOO Chiarraí.

Agus muid ag cur tús leis an mbliain 2021, táimid feasach i gcónaí nach í an ghnáth-thimpeallacht an timpeallacht ina bhfuilimid ag feidhmiú. Tá tionchar COVID-19 ina thionchar leanúnach fós agus nílimid cinnte faoi na héifeachtaí fadtéarmacha a bheidh aige ar an tsochaí, ar an ngeilleagar agus ar an oideachas do chách.

Tá ról lárnach ag BOO Chiarraí, mar phríomhsholáthraí reachtúil oideachais agus oiliúna i gContae Chiarraí, maidir le cláir/seirbhísí oideachais a chur ar fáil do mhic léinn agus foghlaimeoirí san oideachas bunscoile, iar-bhunscoile agus i mbreisoideachas agus oiliúint (FET). Ní raibh tábhacht ní ba mhó i gceist riamh le cláir/seirbhísí oideachais agus oiliúna dearbhuithe cáilíochta a chur ar fáil agus muid ag déanamh ár mbealach tríd an bpaindéim seo. Tá an plean seirbhíse seo, ina dtugtar faoinár bpleananna soláthair don bhliain 2021, ina phlean seirbhíse uaillmhianach i gcónaí in ainneoin na timpeallachta dúshlánaí reatha seo.

Tríd is tríd, bhí tionchar suntasach na paindéime ar thurasóireacht agus ar thionscail ghaolmhara le brath ar fud Chontae Chiarraí le 12 mhí anuas. Beidh ár seirbhísí FET ar fud an chontae ina seirbhísí bunriachtanacha ar feadh na bliana 2021 chun deis a chur ar fáil do mhic léinn agus foghlaimeoirí scileanna nua a fhoghlaim, uasoiliúint nó athsciliú a dhéanamh nuair a thagann na riachtanais chun cinn. Trí neart atá faighte ag BOO mar gheall ar Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí) a fhorbairt trí mhodhanna nuálacha in 2019, cuirfear príomhdhóigh ar fáil chun freagra a thabhairt ar riachtanais láithreacha agus fadtéarmacha mac léinn/foghlaimeoirí agus riachtanais tionscail go háitiúil.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a bhí rannpháirteach i *bPlean Seirbhíse BOO Chiarraí 2021* a fhorbairt agus comhghairdeas a dhéanamh leo, go háirithe an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Stiúrthóirí agus comhaltaí na Bainistíochta Feidhmiúcháin Sinsearach.

Measaim go leagtar amach spriocanna atá forásach ach réalaíoch don bhliain atá le teacht i *bPlean Seirbhíse BOO Chiarraí 2021* agus táim ag tnúth le dul i mbun oibre le comhaltaí an Bhoird agus leis an bhFeidhmeannas chun go n-éireodh linn é sin a chur i bhfeidhm.

Ag tnúth le bliain fhorásach eile a bheith ag BOO Chiarraí.

Ní neart go cur le chéile.

**Comhairleoir Jim Finucane**
**An Cathaoirleach**

# RÉAMHRÁ ÓN bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Forbraítear *Plean Seirbhíse BOO Chiarraí 2021* i gcomhréir le ceanglais Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Leagtar amach i bplean na bliana 2021 na seirbhísí a bhfuil sé i gceist ag an mBord a chur ar fáil, na tionscadail a bhfuil sé beartaithe againn tabhairt fúthu mar aon le meastachán ar ioncam agus caiteachas don bhliain 2021.

Tarraingítear aird i *bPlean Seirbhíse BOO Chiarraí 2021* ar na réimsí tosaíochta barrthábhachtacha atá le forbairt ar fud na scéime sa bhliain 2021. Déantar gach beart agus toradh laistigh den phlean seirbhíse a ailíniú leis na spriocanna straitéiseacha de réir mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022, agus leis na spriocanna mar atá sa Chomhaontú Seirbhíse idir an Roinn Oideachais agus BOO Chiarraí. Maidir lenár soláthar a phleanáil don bhliain 2021, bhí bainistíocht riosca i dtimpeallacht reatha COVID-19 ina gné bharrthábhachtach de sin agus tugann BOO aghaidh air sin i gcomhréir lena Ráiteas Inghlacthachta Riosca.

Ar na príomhthosaíochtaí don bhliain 2021, tá:

- Filleadh ar sholáthar ar an láthair i gcomhréir le comhairle Sláinte Phoiblí
- Tús a chur leis an nGaelcholáiste Chiarraí nua a thógáil (le tosú i Ráithe 1)
- Tionscadal píolótach Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí) i gcomhar le SOLAS a fhorbairt agus a dhaingniú tuilleadh
- Seirbhísí Comhroinnte Párolla a leathadh amach
- Seoladh Oifigiúil na chéad Straitéise Inbhuanaitheachta ag BOO Chiarraí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar ár n-acmhainn d'Fhoghlaim Dhigiteach ar fud na scéime ar fad chun forbairt a dhéanamh ar dhul chun cinn a rinneadh mar thoradh ar shrianta COVID-19.

Táim ag tnúth le dul i mbun oibre le comhaltaí an Bhoird, leis na Stiúrthóirí, leis an mBainistíocht Feidhmiúcháin Shinsearach, leis an mBainistíocht Shinsearach agus leis na baill foirne ar fad d'fhonn na forálacha a rinneadh i *bPlean Seirbhíse BOO Chiarraí* a chur i bhfeidhm i gceart. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis an mBainistíocht agus leis na Baill Foirne as ucht a ndúthracht leanúnach maidir le cláir/seirbhísí den scoth a chur ar fáil agus mar gheall ar a dtiomantas do nuálaíocht sa timpeallacht neamhchinnte reatha. Is a bhuíochas do bhur ndíograis ar bhonn leanúnach le dhá mhí dhéag anuas atá gach a bhfuil curtha i gcrích ag BOO Chiarraí.

D'fhonn *Plean Seirbhíse BOO Chiarraí 2021* a chur i bhfeidhm i gceart, teastaíonn rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach na bpáirtithe leasmhara uile i bPobal BOO Chiarraí - lena n-áirítear baill foirne, mic léinn, foghlaimeoirí, Bord BOO Chiarraí agus Coistí ábhartha, An Roinn Oideachais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, SOLAS, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus gníomhaireachta/eagraíochtaí tríú páirtí etc. Táimid ag súil go mbeidh 2021 ina bliain ina mbeidh rannpháirtíocht dhearfach agus rathúil i gceist lenár bpáirtithe leasmhara ar fad - idir pháirtithe leasmhara BOO inmheánacha agus seachtracha araon.

Ar deireadh, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a chur in iúl do chomhaltaí an Bhoird, comhaltaí Choiste Alt 44 agus Alt 45, Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus mic léinn, foghlaimeoirí agus printísigh mar gheall ar an mbealach inar thug siad aghaidh ar na dúshláin a bhí i gceist le 2020. Guím bliain shábháilte agus shláintiúil oraibh ar fad don bhliain 2021.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

**Colm Mac Gíolla Bhuí**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# 1 / Próifíl BOO Chiarraí

## Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 mar dhíscaoileadh de Choláiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí a bhí ann roimhe.

Is i mí Iúil 2013 a tháinig an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 i bhfeidhm. Is tríd an t-acht a bunaíodh SOLAS (An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna), ar a bhfuil freagracht i ndáil leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil go háitiúil in BOOnna a phleanáil, a mhaoiniú agus a chomhordú. Rinneadh foráil san Acht do na feidhmeanna agus baill foirne oiliúna a bhíodh ag FÁS roimhe sin a aistriú chuig BOOnna agus is i mí Eanáir 2014 a aistríodh Ionad Oiliúna Thrá Lí chuig BOO Chiarraí.

Is struchtúr corparáide atá ag BOO Chiarraí atá comhdhéanta d'fhoireann Boird agus bainistíochta (feidhmiúcháin) atá ceaptha go daonlathach. Eagraíocht is ea BOO Chiarraí atá scaipthe go geografach ina bhfuil 37 n-áitreabh ar fud an chontae ina gcuirtear Bunoideachas, Iar-Bhunoideachas, Breisoideachas agus Oiliúint agus Oideachas Faoin Aer ar fáil. Chomh maith leis sin, cuireann BOO Chiarraí cúrsaí ar fáil i bpobail ar fud an chontae in áitribh nach le BOO Chiarraí iad.

Cuireann BOO Chiarraí deiseanna Oideachais agus Oiliúna ar fáil do bhreis agus 13,000 foghlaimeoir gach bliain. Faoi láthair, fostaíonn BOO Chiarraí c. 1,000 ball foirne a oibríonn ag láithreacha éagsúla ar fud Chontae Chiarraí..




**Fíor 1:** Láithreacha Ionaid BOO Chiarraí

# Misean agus Bunluachanna


**Ár Misean**

Forbairt sochaí foghlama fad saoil i gCiarraí a fhorbairt, ionas go mbeidh rochtain ag cách a bhfuil cónaí orthu ann ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn chun an cumas atá iontu a bhaint amach agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus shibhialta.

**Ár mBunluachanna**

Tá ár mBunluachanna dírithe ar a chinntiú go bhfuil an ceart ag gach duine teacht ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun an cumas atá iontu a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm againn na luachanna seo a chur i bhfeidhm ar bhonn gníomhach inár ngníomhaíochtaí agus iompraíochtaí..




**Fíor 2:** Bunluachanna BOO Chiarraí


# Struchtúr Eagraíochta

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as bainistiú feidhmiúcháin BOO agus tá sé tacaithe ina ról ag triúir Stiúrthóirí, is iad sin:

- **Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil**
- **Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna**
- **Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta**

Léiríonn na trí ról Stiúrthóra seo na trí cholún seachadta seirbhísí de chuid BOO, agus tá údarás sannta go foirmiúil do gach ceann de na Stiúrthóirí ina nduine, de réir Alt 16 den Acht Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Léirítear sa chairt seo a leanas struchtúr eagraíochta ardleibhéil BOO Chiarraí:




**Fíor 3:** Struchtúr Eagraíochta

# Seirbhísí BOO Chiarraí

San áireamh sa tseirbhís a sholáthraíonn BOO Chiarraí tá oideachas bunleibhéil i dtrí Phobalscoil Náisiúnta agus oideachas Iar-Bhunleibhéil in ocht nIar-Bhunscoil. Chomh maith leis sin, tá BOO Chiarraí ina sholáthraí tiomanta maidir le Seirbhísí Óige, Cláir Chruthaitheachta agus Cláir Cheoil tríd an tionscnamh Youth Function, Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach agus Music Generation faoi seach.

In 2019, bhunaigh BOO Chiarraí Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Lán-Chomhtháite le cúig champas ar fud an Chontae. Déantar Breisoideachas agus Oiliúint (FET) a chur ar fáil in thart ar 23 ionad FET ar an iomlán a chuirtear ar fáil i ndeich mbaile ar fud an chontae. Cuirtear na seirbhísí ar fad ar fáil ag an leibhéal áitiúil d'fhonn riachtanais áitiúla a shásamh.

| Soláthar Seirbhíse | Líon na Rannpháirtithe |
|---|---|
| Oideachas Bunscoile | c. 56 |
| Oideachas Iar-Bhunscoile | c. 2,575 |
| Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna | c. 4,635 |
| Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí | c.6,213 |
| **Soláthar Iomlán** | **c.13,479** |


Dagger



# 2 / Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022

In 2018, sheol an tUasal Brendan Griffin, an tAire Stáit sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-22 i gCeapaigh na Lao, an tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer (ar an dtugtar anois Coláiste Chiarraí, Campas Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer). Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise naoi gcuspóir agus tosaíocht straitéiseacha do BOO mar aon leis na gníomhaíochtaí chun na gcuspóirí sin a bhaint amach (tá liosta iomlán de spriocanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí leagtha amach in Aguisín III.

**SPRIOC 1 / Díriú ar Chláir a bhfuil Aitheantas agus Dearbhú Cáilíochta acu go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta:**

PRÍOMHCHÚRAM: Cláir oideachais agus oiliúna a leagan amach agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

**SPRIOC 2 / Ardchaighdeán Múinteoireachta agus Foghlama**

PRÍOMHCHÚRAM: Feabhas a chur ar ár gcumais mhúinteoireachta agus foghlama ar bhonn leanúnach agus cultúr i leith feabhsú leanúnach agus foghlaim eagraíochtúil a chur chun cinn ionas go mbeidh iontaoibh ag na páirtithe leasmhara ar fad as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.

**SPRIOC 3 / Gníomhartha Nuálacha i leith Oideachais agus Oiliúna**

PRÍOMHCHÚRAM: Réitigh agus gníomhartha nuálacha agus cruthaitheacha a fhorbairt i ndáil le riachtanais foghlama agus forbartha daoine óga agus daoine fásta i sochaí atá ag athrú.

**SPRIOC 4 / Rochtain agus Dul Chun Cinn**

PRÍOMHCHÚRAM: Tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus foghlaimeoirí teacht ar dheiseanna oideachais agus oiliúna agus rannpháirteachas iontu a choinneáil agus dul chun cinn in oideachas, fostaíocht agus/nó forbairt phearsanta a bhaint amach.

**SPRIOC 5 / Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt**

PRÍOMHCHÚRAM: Comhpháirtíochtaí nua agus reatha le comhlachtaí ábhartha ag an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a fheabhsú d'fhonn ár gcumas riachtanais maidir le hoideachas, oiliúint agus obair don aos óg i gCiarraí a bhaint amach.

**SPRIOC 6 / Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara**

PRÍOMHCHÚRAM: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, baill foirne, fostóirí, comhpháirtithe, an pobal agus gníomhaireachtaí agus soláthraithe oideachais eile d'fhonn ardchaighdeán, príomhchúram agus ábharthacht ár seirbhísí a fheabhsú.

**SPRIOC 7 / Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht**

PRÍOMHCHÚRAM: Cinnte a dhéanamh go dtacaítear go héifeachtach lenár gcuspóirí straitéiseacha trínár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin d'fhonn na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíonta agus trédhearcachta a chinntiú.

**SPRIOC 8 / Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid**

PRÍOMHCHÚRAM: Margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar ár seirbhísí, ár mbranda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara ar fad.

**SPRIOC 9 / An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú**

PRÍOMHCHÚRAM: Na deiseanna oiliúna agus forbartha atá ar fáil do bhaill foirne a fhorbairt agus a fheabhsú i gcónaí agus an timpeallacht ina n-oibríonn baill foirne agus ina mbíonn foghlaimeoirí i mbun foghlama a fheabhsú.

**Fíor 4:** Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí – 9 Sprioc Straitéiseacha

# 3 / Comhaontú Feidhmíochta

De réir an Chomhaontuithe Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOO Chiarraí, aithníodh na spriocanna agus tosaíochtaí seo a leanas.

## SPRIOC 1 | Eispéireas na Mac Léinn/na bhFoghlaimeoirí a Bharrfheabhsú

| | |
|---|---|
| **1.1** | Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe |
| **1.2** | Curaclam a bhfuil bonn leathan faoi a chur ar fáil |
| **1.3** | Córais Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm |
| **1.4** | Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta reatha |
| **1.5** | Seirbhísí treoraíochta agus comhairleoireachta a chur ar fáil |
| **1.6** | Saoráidí foghlama/oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil |
| **1.7** | Oideachas faoin aer a chur chun cinn agus a fhorbairt |
| **1.8** | Pleanáil a dhéanamh do dhéimeagrafaic atá ag athrú |
| **1.9** | Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le fostóirí |
| **1.10** | Cláir oiliúna agus printíseachta a chur ar fáil agus a fhorbairt |
| **1.11** | Cinnte a dhéanamh go bhfuil gach beart um chosaint leanaí i bhfeidhm i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 |
| **1.12** | Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna |
| **1.13** | Tacaíochtaí ICT ardchaighdeáin a chur ar fáil i scoileanna/ionaid |

## SPRIOC 2 | Tacaíocht Foirne

| | |
|---|---|
| **2.1** | Baill foirne a fhostú agus a choinneáil |
| **2.2** | Tacú le baill foirne i bhforbairt ghairmiúil leanúnach |
| **2.3** | Tacú le ceannaireacht ardchaighdeáin in BOO agus í a fhorbairt |
| **2.4** | Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn |
| **2.5** | Timpeallacht oibre dhearfach agus tacúil a chur ar fáil |
| **2.6** | Tacú le folláine na foirne |

## SPRIOC 3 | Rialachas

| | |
|---|---|
| **3.1** | Struchtúir agus córais eagraíochta a fhorbairt d'fhonn riachtanais athraitheacha na heagraíochta a chomhlíonadh |
| **3.2** | Airgeadas agus riosca a bhainistiú go héifeachtach |
| **3.3** | Úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní |
| **3.4** | Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh |
| **3.5** | Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha |
| **3.6** | Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú |
| **3.7** | Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt |
| **3.8** | An dea-chleachtas a leanúint maidir le soláthar |
| **3.9** | Comhlíonadh ceanglas reachtaíochta agus rialála a chinntiú |
| **3.10** | Comhlíonadh iomlán Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 a chinntiú |

## SPRIOC 4 | Cláir Chosanta

| | |
|---|---|
| **4.1** | Cuidiú le DES, de réir mar is gá, chun na riachtanais a thiocfaidh chun cinn mar gheall ar Chlár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint a chomhlíonadh agus socruithe d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta |

*Chun críocha tuairiscithe agus cuir chuige chomhsheasmhaigh, tá mapáil déanta ag BOO Chiarraí ar gach aon cheann de na Spriocanna Feidhmíochta do Spriocanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí sa "Ráiteas ar Sheirbhísí" seo a leanas.*

# 4 / Ráiteas ar Sheirbhísí

## COLÚN BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

### Intreoir ó Owen O Donnell, an Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna

Tá ról ríthábhachtach ag Colún Breisoideachais agus Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí d'fhonn ár misean a bhaint amach maidir le sochaí foghlama fad saoil a chruthú sa chontae chun cur ar chumas saoránaigh a riachtanais agus mianta pearsanta, sóisialta, cultúir, geilleagracha agus sibhialta a chomhlíonadh. Tá ceangal idir comhthéacs agus oideachas agus oiliúint a sholáthar agus de réir mar a leanaimid de ghníomhú i leith na ndúshlán atá ag teacht chun cinn mar gheall ar an bpaindéim Covid-19, táimid ag ullmhú do chomhthéacs ina mbeidh tuilleadh nuálaíochta agus solúbthachta ag teastáil.

Tá ár bplean seirbhíse ar fud cholún FET dírithe ar cheithre ghné lárnacha: ár dtiomantas do choláiste Breisoideachais agus Oiliúna atá comhtháite go hiomlán; leanúint de fhreagra a thabhairt ar riachtanais fostóirí an réigiúin trí dheiseanna a chur ar fáil; leanúint de theagasc/oiliúint agus foghlaim atá feabhsaithe le teicneolaíocht a fhorbairt agus a mhéadú; cinnte a dhéanamh go gcuirfear tacaíochtaí ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud gach soláthar FET. Leanfar dár bpleananna nuálacha agus straitéiseacha maidir le Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí) atá comhtháite go hiomlán agus maidir le FET a chlaochlú agus a chuíchóiriú tuilleadh a chur chun cinn in 2021. Forbrófar Coláiste Chiarraí, Campas Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer mar champas glas atá go hiomlán neamhspleách ó thaobh a chuid riachtanais cumhachta de. Tá sé seo ag teacht le Coláiste Chiarraí a fhíorú mar lárionad nuálaíochta i dteanna Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí.

Príomhspreagadh inár bplean seirbhíse don bhliain 2021 is ea riachtanais fostóirí an réigiúin trí chúrsaí nuálacha i réimsí ar nós teicneoir tuirbín gaoithe, tumadóireacht scúba tráchtála, teagascóir um thumadóireacht scúba, teicneoir muirí, staidéir éiceolaíochta, fáilteachas glas, athnuaiteáin fuinnimh agus teicneolaíocht chliste. Tríd an bplean, tacaítear le ceantair Ghaeltachta Chiarraí trí Aonad um Sholáthar Gaeilge Choláiste Chiarraí nua agus trí chúrsaí a sholáthrófar trí mheán na Gaeilge. Leanfaimid dár gcomhoibriú straitéiseach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Turas Nua chun deiseanna a chur ar fáil do dhaoine ar mhian leo scil a fhoghlaim nó athoiliúint nó uasoiliúint a dhéanamh. In Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí, bailítear sonraí i gcónaí maidir leis an éileamh atá ar chúrsaí nua agus reatha atá bunaithe ar scileanna. Leanfaidh Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí de theagmháil a dhéanamh le tionscal chun dul i ngleic le heasnaimh scileanna agus le héilimh atá ag teacht chun cinn.

Ó thosach na paindéime agus an t-aistriú chuig cianfhoghlaim, tá dlús curtha le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) maidir leis an éileamh ó bhaill foirne agus foghlaimeoirí ar scileanna agus acmhainní. Tá sé i gceist ag ár nGrúpa Oibre TEL a chinntiú go leanfar leis an móiminteam seo i rith na bliana 2021 tríd an tionscnamh Curadh TEL a mhéadú chun tacaíocht piara a neadú i ngach ionad; agus lena chinntiú go mbeidh na huirlisí digiteacha teagaisc agus foghlama is déanaí ar fáil do bhaill foirne agus foghlaimeoirí i ngach ionad le súil agus múnla soláthair digiteach gan pháipéar a bhaint amach.

Maidir le tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, tá sé i gceist againn ár n-acmhainn maidir le Foireann Cúraim a fhorbairt i ngach ionad agus cur le teacht a bheith ag foghlaimeoirí ar thacaíochtaí comhairleoireachta. Neadóimid tionscnaimh fiúntacha ar nós tionscnamh de chuid Choláiste Chiarraí 'Drop In Before You Drop Out', Tá sé beartaithe againn ár seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a chomhdhlúthú ina aonad speisialtóireachta d'fhonn bheith ag teacht le dea-chleachtas ar fud na gcúig champas ar fad atá ag Coláiste Chiarraí sa bhliain 2021.

Táim ag tnúth le ceannaireacht a thabhairt d'Fhoireann Bainistíochta FET agus sinn ag tabhairt aghaidh dhóchasach ar dhúshláin agus ar dheiseanna na bliana 2021.

| Catagóir Cláir | 2020 Pleanáilte | 2020 Iarbhír | 2021 Pleanáilte |
|---|---|---|---|
| Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh | 1227 | 681 | 932 |
| Printíseacht 2016+ | 29 | 12 | 25 |
| Printíseacht Chéim 7 | 92 | 126 | 94 |
| Oiliúint Phrintíseachta (2,4,6) | 535 | 318 | 412 |
| Nasc-chúrsaí agus bonnchúrsaí Oiliúna | 29 | 26 | 9 |
| Grúpaí BTEI | 1777 | 1363 | 1517 |
| Oideachas Pobail | 1910 | 1348 | 1400 |
| Oideachas Pobail Mhóin an Bhaile | 0 | 2229 | 0 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 80 | 44 | 48 |
| Fostaíocht | 0 | 0 | 1070 |
| ESOL | 376 | 349 | 200 |
| Oiliúint Oíche | 1139 | 1126 | 1000 |
| Uaireanta Oibre FET | 10 | 19 | 16 |
| ITABE | 27 | 19 | 32 |
| Maoiniú Eile | 0 | 210 | 0 |
| PLC | 1340 | 1416 | 477 |
| Dul Chun Cinn | 0 | 0 | 576 |
| Foghlaim roimhe seo a Aithint | 15 | 13 | 15 |
| Scileanna le haghaidh Obair | 39 | 16 | 8 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh | 24 | 101 | 364 |
| Sainsoláthraithe Oiliúna | 180 | 140 | 135 |
| Oiliúint Scileanna ar Leith | 522 | 428 | 182 |
| Oiliúint d'Oiliúnaithe | 538 | 444 | 193 |
| Teagasc Litearthachta Deonaí | 69 | 42 | 35 |
| Croílár VTOS | 214 | 180 | 203 |
| Ógtheagmháil | 256 | 198 | 200 |
| **Iomláin** | **10,428** | **10,848** | **9,143** |

**Tábla 1:** Struchtúr Traidisiúnta FET 2020 (ar chlé)

| Catagóir Cláir | 2020 Pleanáilte | 2020 Iarbhír | 2021 Pleanáilte |
|---|---|---|---|
| Kerry College | 2,439 | 2,402 | 2,877 |
| Apprenticeship | 656 | 46 | 531 |
| Part-Time | 2,916 | 2,699 | 2,517 |
| Youthreach/CTC | 336 | 242 | 248 |
| Pathways | 423 | 346 | 347 |
| Adult Literacy | 1,748 | 1,126 | 1,223 |
| Community Education | 1,910 | 3,577 | 1,400 |
| **Totals** | **10,428** | **10,848** | **9,143** |

**Tábla 2:** Struchtúr Claochlaithe Nua FET 2021 (ar dheis)

# COLÚN NA SCOILEANNA, NA HÓIGE AGUS AN CHEOIL

## Intreoir ó Ann O'Dwyer, Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoilr

*'Agus é á scríobh i Sínis, is le dhá charachtar a chumtar an focal géarchéim - léiríonn carachtar amháin baol, agus léiríonn an ceann eile deis',* **John F. Kennedy**

I gcomhthéacs na paindéime Covid-19, tá an ghné shiombóiseach idir baol agus deis níos soiléire dúinn mar náisiún le bliain anuas. Agus sinn ag féachaint siar ar ár bpleananna don bhliain 2020, agus ag féachaint chun cinn maidir lenár bhfís don bhliain 2021, ní féidir linn ach suntas a thabhairt do na deiseanna a tháinig chun cinn i gcaitheamh na dtréimhsí seo in ainneoin na gcontúirtí a bhí i gceist. Is ag cuimhneamh ar an méid sin a thugaim intreoir le tosaíochtaí na bliana 2021 do Cholún na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

Tá na trí snáithe dár soláthar seirbhíse in 2021 mapáilte ar ár mbunluachanna mar eagraíocht. Cinnteoimid go gcuirfear deiseanna ar fáil chun folláine páirtithe leasmhara a fheabhsú; go leanfar d'fhoghlaim atá feabhsaithe le teicneolaíocht a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt di; agus go dtabharfar ionchuimsiú agus comhionannas ar aghaidh inár seirbhísí ar fad.

Gan amhras, príomhthosaíocht i gcónaí is ea cur le folláine mac léinn de réir mar a chuirimid ár bpleananna ar aghaidh maidir le folláine a chomhcheangal lenár soláthar curaclaim, meicníochtaí a chothú do ghuth mac léinn, tuismitheoirí agus múinteoirí agus cur lenár dtacaíochtaí maidir le sláinte agus folláine intinne i gcomhar lenár gcomhpháirtithe pobail.

Cuireadh dlús le cur i bhfeidhm Straitéis Dhigiteach na Roinne Oideachais nuair a d'aistríomar go cianteagasc agus cianfhoghlaim. Chinntigh Foireann na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil go bhfuil mic léinn in ann teacht ar ábhar digiteach i leagan amach aisionchronach agus sionchronach agus cinntíodh go ndeachthas i gcomhairle le mic léinn agus tuismitheoirí agus gur cuireadh ar an eolas iad ar feadh an phróisis trínár gComhairlí agus Fóraim Mhac Léinn agus Tuismitheoirí. Tá an méid atá foghlamtha ó staidéir náisiúnta taighde mar aon leis an taithí, na comhairliúcháin agus aiseolas atá faighte againn mar eagraíocht foghlama mar bhonn agus mar thaca ag ár bplean um fhoghlaim atá feabhsaithe le teicneolaíocht don bhliain 2021.

Tá an tríú snáithe ina léiriú ar ár mbunluachanna i ndáil le comhionannas, meas, ardchaighdeán in oideachas, foghlaim agus cuimsiú. Is ag cuimhneamh orthu sin a fhéachaimid le seirbhísí a chur ar fáil atá ionchuimsitheach, agus freagrúil ar riachtanais mac léinn atá faoi mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch mar aon le mic léinn ó ghrúpaí mionlaigh, mic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu agus mic léinn a bhfuil riachtanas oideachais ar leith acu. Tá bearta leagtha amach againn trína gcinnteofar go mbeidh ár seirbhísí Scoileanna, Óige agus Ceoil fáilteach agus tacúil do cách.

Tá nath cainte ann, 'Dá fhada an lá tagann an tráthnóna', is éard is brí leis sin gur cuma faoi fhad an lae, tiocfaidh an tráthnóna i gcónaí. Is teachtaireacht dóchais í agus sinn ag thabhairt faoi na deiseanna nua a thiocfaidh chun cinn i mbliain nua.

# COLÚN TACAÍOCHTA AGUS FORBARTHA EAGRAÍOCHTA

## Intreoir ó Maria Brennan, an Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Baineann an Colún Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta leis an struchtúr rialachais agus le bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna riaracháin BOO. Tá córais agus próisis i gceist leis sin lena chinntiú go mbainfidh an eagraíocht a cuspóirí amach le hionracas agus go ndéanfar an eagraíocht a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. 'Tá caighdeáin arda maidir le rialachas corparáideach in BOOnna ríthábhachtach d'fhonn cion tairbhe a chinntiú i ndáil le héifeachtúlacht gheilleagrach, iomaíochas, comhtháthú sóisialta agus forbairt réigiúnach foriomlán an Stáit. An Cód Cleachtais do BOOnna CL 0002/2019.

Príomhthosaíocht rialachais don bhliain 2020 is ea próiseas athbhreithnithe don athbhreithniú bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha a leathadh amach i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca mar ullmhúchán don Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha 2021. Caithfear acmhainní suntasacha sa chéad leath den bhliain ar DCS a leathadh amach i ngach Scoil agus párolla BOO Chiarraí a aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (ESBS) faoi mhí an Mheithimh 2021.

Le linn na bliana 2020, thugamar faoi phróiseas chun seirbhísí tacaíochta a athstruchtúrú laistigh den Cheannoifig. Rinneadh athchumrú ar an struchtúr a bhí ann roimhe ina raibh cúig réimse feidhme ar leith; Airgeadas, ICT, Acmhainní Daonna, Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FETS) agus Tacaíocht Chorparáideach agus Forbairt Chaipitil chun trí Rannóg a chruthú:

1. Airgeadas
2. Acmhainní Daonna
3. Corparáideach, Caipitil agus Teicneolaíocht.

Tá sainchúram leathan ag gach aon cheann de na Rannóga seo maidir lena bhfeidhmeanna riaracháin riachtanacha a chur i gcrích mar aon lena chinntiú ag an am céanna go gcomhlíonann an eagraíocht an réimse fhairsing reachtaíochta, rialacha agus treoirlínte a bhaineann le gníomhaíochtaí na heagraíochta.

Oibreoimid i gcónaí lena chinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí riaracháin seo ar fáil i gcomhréir le luachanna, spriocanna agus cuspóirí na heagraíochta. Leanfar de na seirbhísí seo a chur ar fáil 'lasmuigh den láthair' an fhad agus atá srianta COVID i bhfeidhm agus go dtí gur féidir filleadh ar obair ar an láthair ar bhealach sábháilte agus i gcomhréir le comhairle an Rialtais agus na Sláinte Phoiblí.





# Cláir a bhfuil Aitheantas agus Dearbhú Cáilíochta acu go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta

## RÁITEAS STRAITÉISE - SPRIOC 1: Comhaontú Feidhmíochta 1.3

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 1.1** | • láir FET nua a fhorbairt | **R1 - R4** | • Coláiste Chiarraí chun Cúrsa um Thumadóireacht Scúba Tráchtála a chur ar fáil |
| **RS 1.2** | • Clár de Féinmheastóireachtaí Scoileanna (SSEnna) agus Pleananna Feabhsaithe Scoileanna (SIPnna) a fhorbairt chun tacú le scoileanna | **R3** | • Tá an Clár ar fáil do na foirne bainistíochta agus ceannairí scoile ar fad |
| **RS 1.3** | • Plean Oibre um Fhorbairt Óige trí bliana (2022-2024) a fhorbairt | **R3** | • Tá BOO Chiarraí chun an Plean Oibre don Óige a fhorbairt |
| **RS 1.4**<br>**PDA**<br>**1.3, 1.10** | • Dearbhú Cáilíochta FET BOO Chiarraí – leanúint de na Beartais Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm ar fud FET | **R1 - R4** | • 'Sonraíochtaí Cláir' BOO Chiarraí a fhorbairt do Chúrsaí<br>• Pobail Cleachtais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm tuilleadh<br>• Gach Struchtúr Rialachais QA a athbhreithniú i.e. An Chomhairle Cáilíochta, An Bord um Rialachas Clár, An Bord um Rialachas Cáilíochta |
| **RS 1.5**<br>**PDA**<br>**1.11, 3.10** | • Plean Inmheánach Monatóireachta um Chosaint Leanaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | **R3 - R4** | • Cuairteanna monatóireachta le cur i gcrích i ngach Scoil agus Ionad Ógtheagmhála agus a thuairisciú chuig Coiste Maoirseachta BOO Chiarraí um Chosaint Leanaí |
| | • Ábhair DoE agus moltaí Cigireachta WSE MLL a chur i bhfeidhm go leanúnach | **R1 - R4** | • Plean/pleananna gníomhaíochta maidir leis na moltaí a ceapadh a chur i bhfeidhm, tuairiscithe chuig BOM agus curtha i bhfeidhm |
| | • Athbhreithniú Tionscnaimh QQI a Chur i gCrích | **R1 - R4** | • Athbhreithniú QQI tugtha chun críche agus foilsithe |

# Teagasc agus Foghlaim Ardchaighdeáin

## RÁITEAS STRAITÉISE – SPRIOC 2: Comhaontú Feidhmíochta 1

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 2.1** | • Taisclann Acmhainne FET CPD a fhorbairt tuilleadh | **R2** | • Réimse iomlán imeachtaí CPD curtha in iúl ar Fhoirne MS do na baill foirne FET ar fad |
| **RS 2.2** | • Athbhreithniú ar Sholáthar CTC agus Ógtheagmhála a chur i gcrích | **R3** | • Tuarascáil agus moltaí do Ógtheagmháil a fhoilsiú<br>• Tuarascáil agus moltaí do sholáthar CTC a fhoilsiú |
| | • Tionscnaimh ionchuimsitheacha a leathadh amach trí SEN, DEIS agus HSCL | **R1 - R4** | • BOM i ngach scoil chun ionchur a fháil maidir le Mapa Soláthair SEN in R3<br>• Chuirfear oiliúint ar fáil maidir le Leagan Amach Uilíoch d'Fhoghlaim do gach múinteoir agus SNA in 2021 |
| **RS 2.3**<br>**PDA 1.7** | • Coláiste Chiarraí, Campas Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer a fhorbairt | **R1 - R4** | • Tús a chur le cláir nua oideachais agus oiliúna faoin aer – tumadóireacht, turasóireacht etc.<br>• An campas a fhorbairt le bheith ina shaoráid atá go hiomlán neamhspleách ó thaobh fuinnimh de |
| **RS 2.4**<br>**PDA 1.2** | • Straitéis Inbhuanaitheachta BOO Chiarraí (2019-2022) a chur i bhfeidhm | **R1 - R4** | • Spriocanna gearrthéarmacha a bhaint amach<br>• Tuarascáil ar chur chun feidhme do Bhliain 1 curtha i gcrích<br>• Cúrsaí oiliúna agus uasoiliúna a chur ar fáil maidir le Cairr Leictreacha a Chothabháil<br>• Teicneolaíochtaí um fhuinneamh in-athnuaite intíre a fhorbairt<br>• Bailte cliste agus cúrsaí beachta talmhaíochta a fhorbairt<br>• Clár *Take One* ETBI le cur i bhfeidhm i gceithre scoil BOO Chiarraí<br>• Tá clár na Scoileanna Glasa i bhfeidhm i ngach scoil |
| | • Cuir chuige athchóiritheacha curtha chun cinn chun dul i ngleic le bainistiú iompraíochta i scoileanna | **R1 - R4** | • Ba chóir oiliúint i gCleachtas Athchóiritheach a chur ar fáil do gach múinteoir agus Príomhoide Cúnta nua<br>• Úsáid á baint as laethanta machnaimh i scoileanna chun dul i ngleic le fadhbanna iompraíochta |
| **RS 2.5**<br>**PDA 1.3, 1.12, 1.13** | • An Straitéis Dhigiteach (2019-2022) a chur i bhfeidhm | **R1 - R4** | • Seirbhísí a fháil chun Ailtireacht MS Office 365 a athdhearadh agus a chur i bhfeidhm<br>• WAN BOO Chiarraí a leathadh amach i Scoileanna & Campais/Ionaid FET<br>• Foirne MS a neadú agus a úsáid ar fud scoileanna mar aon le FET maidir le teagasc agus foghlaim (i ndiaidh COVID-19) |
| | • Úsáid a bhaint as léitheoir tumthach a neadú do gach mac léinn a dteastaíonn sé uathu, le béim ar leith ar mhic léinn SEN/EAL | **R1 - R4** | • Mic léinn agus foghlaimeoirí chun leas a bhaint as léitheoir tumthach agus aistritheoir nuair is gá<br>• Múinteoirí/teagascóirí chun léitheoir tumthach/ aistritheoir a úsáid le haghaidh idirdhealú |

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 2.6** | • Guth na mac léinn/foghlaimeoirí a neadú tuilleadh i scoileanna/ionaid/ campais | **R1 - R4** | • Mic léinn agus foghlaimeoirí chun ionchur a chur ar fáil maidir le cinntí/beartais, próisis Scoile/Ionaid/ Campais etc.<br>• Comhairlí Mac Léinn chun cur i láthair a dhéanamh do BOM faoi seach uair amháin sa bhliain ar a laghad<br>• Tionólfar Fóram Mac Léinn na Scoileanna ceithre huaire agus áireofar é mar Phainéal Comhairleach don Óige maidir le hÉiteas, Folláine/Tionscnaimh RSE |
| **RS 2.7**<br>**PDA 2.5** | • Nuachtlitir bhliantúil BOO Chiarraí a fhoilsiú | **R2** | • Nuachtlitir ar fáil go leictreonach do na baill foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí/foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara ar fad |
| | • Gradaim bhliantúla do Dhaltaí a eagrú | **R1** | • Gradaim bhliantúla do mhic léinn chun éachtaí daltaí a cheiliúradh ar fud scoileanna iar-bhunscoile. |
| **RS 2.8**<br>**PDA 1.10** | • Printíseachtaí breise a fhorbairt | **R3** | • Teicneoir Cothabhála Tuirbín Gaoithe a fhorbairt agus a dhearbhú<br>• *Commis Chef* a athdhearbhú |
| **RS 2.9** | • Cúrsaí ardchaighdeáin FET a chur ar fáil i gcónaí ar bhealach sábháilte le linn na paindéime Covid-19 | **R1 - R4** | • Socrú chun leanúint de sholáthar ar líne/ cumaiscthe agus ar an láthair nuair is féidir ar feadh na bliana |
| | • Ionad FET Uí Chonaill a fhorbairt agus a uasghrádú | **R3 – R4** | • Tosú ar Chéim 1 den tógáil chun uasghrádú a dhéanamh ar an Ionad |
| **RS 2.10** | • Aonad um Sheirbhísí agus Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí BOO Chiarraí a chur ar bun i ngach Campas | **R3 – R4** | • Aonad um Sheirbhísí agus Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí Ionnaithe i ngach campas |
| | • Creat Folláine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | **R1 - R4** | • Grúpa oibre um fholláine a bhunú chun curaclam comhtháite a fhorbairt sa tSraith Shóisearach<br>• Grúpa oibre um Fholláine/RSE a bhunú don tSraith Shinsearach<br>• An clár 'Roots of Empathy' a mheasúnú do bhunscoileanna<br>• Clár CPD a chur ar fáil do mhúinteoirí SPHE/Folláine<br>• Oiliúint a chur ar fáil i leith Foirne Tacaíochta Mac Léinn |
| | • Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm PE na Sraithe Sinsearaí (Ábhar Inscrúdaithe) i scoil amháin agus é sin a leathadh amach i scoileanna eile | **R1 - R4** | • Athbhreithniú curtha i gcrích agus é leata amach chuig scoileanna eile |

# Oideachas agus Oiliúint Nuálach

## RÁITEAS STRAITÉISE 3: Comhaontú Feidhmíochta 1.4/1.10

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 3.1**<br>**PDA 1.8** | • Soláthar FET a athstruchtúrú i gcomhréir le déimeagrafaic athraitheacha an chontae | **R3 - R4** | • Athstruchtúrú déanta ar sholáthar VTOS agus Oideachas Pobail |
| **RS 3.2**<br>**PDA 1.9** | • Soláthar VTOS le hatheagrú i gcomhréir le hathbhreithniú Náisiúnta SOLAS | **R2 - R4** | • VTOS comhtháite go hiomlán le Coláiste Chiarraí mar sholáthar conaire<br>• Bainistiú á dhéanamh san Oifig Iontrála ar earcaíocht do Leibhéal 3 agus 4 den soláthar (VTOS roimhe seo) |
| | • Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar Ionad FET d'fhonn soláthar lánaimseartha Cúrsaí nideoige etc. a mhéadú i ngach Ionad | **R1 - R4** | • Athbhreithniú ar sholáthar curtha i gcrích agus<br>• Cúrsaí 'nideoige' aimsithe<br>• Infheistíocht déanta i saoráidí na n-ionad chun tacú le cúrsaí nideoige a chur ar fáil |
| **RS 3.3**<br>**PDA 4.1** | • Tacú le mic léinn idirnáisiúnta a chuimsiú i gcónaí | **R1 - R4** | • Measúnachtaí EAL agus ranganna aistarraingthe atá curtha sa chlár ama chun freastal ar riachtanais teanga na mac léinn á monatóiriú agus á n-athbhreithniú go rialta i scoileanna<br>• Teagmháil níos mó le foghlaimeoirí idirnáisiúnta ar fud gach FET<br>• Clár ESOL forbartha tuilleadh le soláthar níos mó ar líne agus níos mó measúnachtaí Béarla spriocdhírithe |
| | • Tacú le himeachtaí ilchultúrtha i scoileanna agus in ionaid | **R1 - R4** | • Ceiliúradh a bheith á dhéanamh ar chultúir éagsúla na mac léinn le feiceáil sa scoil agus sa churaclam agus in imeachtaí |
| **RS 3.4**<br>**PDA 1.8** | • Ionad FET imeasctha a bhunú i gCill Airne a fhorbairt tuilleadh | **R3 - R4** | • Ionad FET nua á oscailt i gCill Airne ina gcuirfí Cúrsaí Leibhéal 3 go Leibhéal 6 ar fáil |
| **RS 3.5**<br>**PDA 1.13** | • Straitéis SOLAS TEL maidir le foghlaim chumaisc agus soláthar ar líne a chur i bhfeidhm go hiomlán | **R1 - R4** | • Beartas um Fhoghlaim Chumaisc a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm<br>• Soláthar Fhoireann Microsoft a chur i bhfeidhm go hiomlán maidir le soláthar atá bunaithe sa seomra ranga agus bunaithe ar fhoghlaim ar líne gan pháipéar |
| | • Leanúint d'uirlisí digiteacha a neadú i dteagasc agus foghlaim, ag foghlaim ón tréimhse cianoibre | **R1 - R4** | • r-Phortfóilionna a chur i bhfeidhm le OneNote<br>• Fianaise ar Leagan Amach Uilíoch d'Fhoghlaim / An seomra ranga a athrú maidir le ceacht a chur ar fáil<br>• Pobal cleachtais Chomhordaitheoirí ICT chun teacht le chéile gach mí chun dea-chleachtas a roinnt |
| | • Leanúint de Mhatamaitic Fheidhmeach a chur ar fáil ar líne mar ábhar breise don Ardteistiméireacht i ngach scoil | **R1 - R4** | • Leibhéil leanúnacha rannpháirtíochta, coinneála agus gnóthachtála i Matamaitic Fheidhmeach |

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 3.6**<br>**PDA 1.10** | • Claochlú FET a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Straitéis SOLAS agus soláthar nua a fhorbairt | **R1 - R4** | • Coláiste na Todhchaí FET, Coláiste Chiarraí a fhorbairt tuilleadh tríd an gcúigiú champas oideachais agus oiliúna faoin aer a bhunú<br>• Cúrsaí Tumadóireachta Fóillíochta agus Tráchtála a fhorbairt<br>• Printíseacht Tuirbín Gaoithe a fhorbairt |
| **RS 3.7** | • Turais scoile fíorúla a fhorbairt do dhaltaí bunscoile agus do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise/SEN acu go háirithe | **R3 - R4** | • Turais scoile fíorúla a chur ar fáil do dhaltaí bunscoile |
| | • Cinnte a dhéanamh go ndéantar naisc le bunscoileanna a fheabhsú agus a chur chun cinn, go háirithithe i ndáil le daltaí SEN/EAL/DEIS | **R1 - R4** | • Naisc straitéiseacha churtha ar bun idir bunscoileanna friothálacha agus struchtúir iar-bhunscoile |
| **RS 3.8** | • Leanúint de thacú le gníomhú riachtanas-bhunaithe maidir le hobair don ógra a fhorbairt i gCiarraí i gcomhréir leis an bhFeidhm um Obair don Ógra | **R1 - R4** | • Rinneadh na scéimeanna a leanas a comhordú agus a riar:<br>• *UBU Your Place Your Space*<br>• Ionaid Faisnéise don óige Chiarraí<br>• Deontas don Chlub Óige Áitiúil<br>• Deontais Chaipitil i ndáil le Seirbhísí faoi Stiúir Baill Foirne (faoi réir maoiniú a fháil)<br>• Scéim Deontais LGBTI+ (faoi réir maoiniú a fháil)<br>• Deontas Caipitil do Sheirbhísí Óige (faoi réir maoiniú a fháil) |
| **RS 3.9** | • Cinnte a dhéanamh go tacaítear le Tionscadail Óige trí NQSF nuair is infheidhme | **R3** | • Tacaíocht ag NQSF trí Dheontais do Chlubanna Óige Áitiúla<br>• Oiliúint maidir le Creat NQSF le cur i gcrích ag Oifigeach Forbartha Óige |

# Rochtain agus Dul Chun Cinn

## **RÁITEAS STRAITÉISE 4:** Comhaontú Feidhmíochta 1.1

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 4.1**<br>**PDA 1.1** | • Bealaí Aitheanta Foghlama Roimh Ré (RPL) a mhéadú | **R1 - R4** | • Níos mó RPL curtha ar fáil don Earnáil Treoraithe Turais agus Fáilteachais |
| **RS 4.2**<br>**PDA 1.5** | • Seirbhísí na hOifige Iontrála a mhéadú | **R1 - R4** | • Soláthar lánaimseartha agus páirtaimseartha BOO Chiarraí ar fad le bainistiú san Oifig Iontrála<br>• Sonraí PLSS i ndáil le gach soláthar FET le monatóiriú agus le maoirsiú san Oifig Iontrála |
| | • Tacaíochtaí a chur ar fáil chun deiseanna rochtana agus deiseanna dul chun cinn a dhéanamh a uasmhéadú | **R1 - R4** | • Grúpa Oibre um Bealaí maidir le Dul Chun Cinn bunaithe<br>• Cruinnithe le Treoirmhúinteoirí le sceidealú ag an Oifig Iontrála chun deiseanna maidir le rochtain agus dul chun cinn a uasmhéadú agus faisnéis a chur ar aghaidh maidir le deiseanna i ndáil le dul chun cinn dhéanamh<br>• Cuairteanna ar scoileanna le cur i gcrích ag an Oifig Iontrála ar fud an chontae chun daltaí deireadh bliana a chur ar an eolas faoi dheiseanna agus faoi bhealaí chun dul chun cinn a dhéanamh trí FET |
| **RS 4.3** | • Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí a fhorbairt | **R1 - R2** | • Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí a bhunú<br>• Soláthar méadaithe ar fud Bealach 2 agus 3 Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh |
| **RS 4.4**<br>**PDA 1.13** | • Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimeoirí a rianú | **R2 - R3** | • Tuairiscí maidir le Rianú Foghlaimeoirí a chruthú trí aiseolas ó fhoghlaimeoirí agus PLSS<br>• Tuairiscí rialta maidir le torthaí foghlaimeoirí a lorg ó SOLAS |
| **RS 4.5** | • Straitéisí a chur i bhfeidhm agus acmhainní a ghealladh lena chinntiú go neadaítear bunlitearthachtaí (litearthacht, uimhearthacht, smaointeoireacht chriticiúil agus inniúlacht ar ríomhairí agus scileanna gnóthaithe poist) laistigh dár gcláir agus cúrsaí ar fad | **R1 - R4** | • Gearrchúrsa um inniúlacht ar ríomhairí don tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm ar fud iar-bhunscoileanna<br>• Forbairt Scoile a phleanáil chun tacú le litearthacht agus uimhearthacht<br>• Soláthar duine le duine maidir le litearthacht dhigiteach ar fud Oideachas Litearthachta do Dhaoine Fásta agus Oideachas Pobail a mhéadú |
| **RS 4.6**<br>**PDA 1.1** | • Aonad um Sheirbhísí agus Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí Choláiste Chiarraí a chruthú i ngach Campas | **R3 - R4** | • Gach tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a chónascadh ar fud Choláiste Chiarraí chun Aonad Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí amháin a chruthú ina bhfuil tacaíochtaí caighdeánaithe |

# Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt

## RÁITEAS STRAITÉISE 5: Comhaontú Feidhmíochta 3.7

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 5.1** | • In éineacht le QQI, iniúchadh a dhéanamh ar shocruithe eile maidir le taithí oibre i bhfianaise COVID-19 | **R1 - R4** | • Taithí oibre agus socrúcháin a thabhairt isteach arís do mhic léinn agus foghlaimeoirí |
| **RS 5.2**<br>**PDA 3.9** | • Cinnte a dhéanamh go gcloítear le sprioc-amanna tuairiscithe don Roinn Oideachais agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | **R1 - R4** | • Cloíodh leis na sprioc-amanna tuairiscithe a bhí leagtha síos ag an Roinn ábhartha |
| **RS 5.3**<br>**PDA 2.5** | • Rannpháirtíocht agus comhairliúchán leanúnach le ceardchumainn ábhartha | **R1 - R4** | • Trí chruinniú foirmiúla ar a laghad le tionóil le ceardchumainn ábhartha i gcaitheamh na bliana |
| **RS 5.4**<br>**PDA 3.5** | • Socruithe Tríú Páirtí (MOUnna, SLAnna etc.) a fhorbairt le gach páirtí leasmhar tríú páirtí | **R1 - R4** | • Socruithe Tríú Páirtí i.e. MOUnna, SLAnna, déanta de réir mar a bhaineann le hábhar<br>• Beartas um Rialachas Tríú Páirtí tugtha chun críche agus ceadaithe ag Bord BOO Chiarraí |
| **RS 5.5** | • Leanúint le chórais nua UBU a neadú | **R1 - R4** | • Cruinnithe ráithiúla um fheidhmíocht, pleanáil agus athbhreithniú le Seirbhísí Óige Maoinithe<br>• Tacaíocht/rannpháirtíocht leanúnach i ndáil leis an tsamhail um fheabhsú leanúnach<br>• Rialacha agus beartas UBU a chur in iúl do sholáthraithe óige áitiúla |
| | • Teagmháil bhreise le DCEDIY maidir le Láithreáin Úrnua | **R1 - R4** | • An fhianaise maidir le riachtanais daoine óga a aithint trí úsáid a bhaint as Próifíl Ceantair, Measúnacht Riachtanas agus an Uirlis um Riachtanas Seirbhíse<br>• Moltaí tugtha do DCEDIY maidir le riachtanais agus seirbhísí tosaíochta a theastaíonn ó spriocghrúpaí |
| **RS 5.6** | • Rannpháirtíocht leanúnach le Léargas | **R1 - R4** | • I láthair ag ceardlanna/imeachtaí náisiúnta ábhartha de chuid Léargas |
| **RS 5.7** | • Leanúint i mbun oibre le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí | **R1 - R4** | • Evidence of increased integration of students into local sports clubs<br>• Pilot school initiative commenced |
| **RS 5.8** | • Leanúint de rannpháirtíocht leanúnach le comhlachtaí Ealaíon trí LCYP agus Music Generation | **R1 - R4** | • Cruinnithe ráithiúla de Grúpa Stiúrtha Cruthaitheach LCYP agus Grúpa Comhairleach Music Generation<br>• Rannpháirtíocht leanúnach le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Chiarraí<br>• Scéim maoinithe píolótach a chur ar fáil i gCiarraí Theas trí LCYP i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon |
| **RS 5.9** | • Rannpháirtíocht fostóirí agus scileanna a mhéadú chun soláthar a chur chun cinn | **R1 - R4** | • Aonad tacaíochta gnó tiomnaithe a chruthú i gColáiste Chiarraí<br>• Scileanna a mhéadú chun soláthar a chur chun cinn |
| **SS 5.10** | • Comhaltas sa Choiste Forbartha Áitiúil agus sa Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta a choinneáil | **R1 - R4** | • A bheith i láthair ag cruinnithe ar bhonn rialta |





# Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

## RÁITEAS STRAITÉISE 6: Comhaontú Feidhmíochta 3.7

| TOSAÍOCHT GNÍOMH | | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 6.1** | • Tús áite le tabhairt do ghuth na mac léinn ag Fóram Mac Léinn BOO Chiarraí 2021 | **R1 - R4** | • Cur i láthair le déanamh ag Fóram na Mac Léinn chuig Bord BOO maidir leis dul chun cinn a rinneadar<br>• Aitheantas tugtha do rannpháirtíocht mac léinn i gComhairle / Fóram na Mac Léinn i nGradaim Bhliantúla na Mac Léinn BOO Chiarraí<br>• Tacaíocht a thabhairt do mholtaí na mac léinn maidir le beartais a chur i bhfeidhm |
| **RS 6.2** | • Tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí trí Fhóram na dTuismitheoirí | **R1 - R4** | • Tionólfar ceithre cinn d'Fhóram na dTuismitheoirí<br>• Déanfar tosaíochtaí na bliana a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm ag Fóram na dTuismitheoirí<br>• Cuirfear athbhreithniú i gcrích i mí na Bealtaine |
| **RS 6.3** | • Leanúint de mheicníochtaí comhairliúcháin saincheaptha agus ionchuimsitheacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara ar fad | **R1 - R4** | • Cruinnithe ráithiúla leis an Roinn Coimirce Sóisialaí<br>• Cruinnithe den Fhóram um Scileanna Réigiúnacha |
| **RS 6.4** | • Tabhairt faoi idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla a chur i bhfeidhm maidir le breisoideachas agus oiliúint | **R1 - R4** | • Spriocanna straitéiseach nua a chomhaontú le SOLAS<br>• Príomhthorthaí táscaire a thuairisciú do SOLAS |
| **RS 6.5** | • Leanúint d'úsáid a bhaint as aiseolas ó pháirtithe leasmhara chun eolas a dhéanamh do na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus soláthairtí reatha a fheabhsú | **R1 - R4** | • Soláthar nua a fhorbairt i gcomhréir le haiseolas ó phríomhpháirtithe leasmhara a chuirtear trí na haonaid iontrála agus tacaíochta gnó |
| **RS 6.6**<br>**PDA 1.9** | • Cur lenár straitéis um rannpháirtíocht fostóirí i gcónaí | **R1 - R4** | • Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí a bhunú agus a mhéadú.<br>• Plean straitéiseach maidir le rannpháirtíocht Fostóirí le forbairt ag an Aonad Tacaíochta Gnó |
| **RS 6.7** | • Leanúint d'idirphlé a dhéanamh le forais cháiliúcháin lena n-áirítear QQI chun na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimeoirí a fheabhsú | **R1 - R4** | • Athbhreithniú tionscnaimh QQI a chur i gcrích<br>• Cúrsaí agus printíseachtaí nua a bhailíochtú in 2021 |
| **RS 6.8**<br>**PDA 2.2, 2.3, 2.5** | • Forbairt na Foirne | **R1 - R4** | • Ball den fhoireann ceaptha chun CPD a chomhordú (bainisteoir oiliúna)<br>• Inseirbhíse spriocdhírithe eagraithe don bhainistíocht agus baill foirne<br>• Baill foirne, Comhaltaí Boird BOO agus Comhaltaí Coiste Alt 44/45 i láthair ag Clár Rialachais (de réir mar is infheidhme) |
| **RS 6.9** | • Ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a thomhas d'fhonn pleanáil agus soláthar comhleanúnach clár agus seirbhísí a spreagadh | **R4** | • Tuarascáil maidir le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a chruthú |

# Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht

## RÁITEAS STRAITÉISE 7: Comhaontú Feidhmíochta 2

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| RS 7.1 | • Plean Seirbhíse BOO a fhoilsiú de réir ceanglais reachtaíochta | R1 | • Plean Seirbhíse BOO Chiarraí ullmhaithe agus ceadaithe i gcomhréir le ceanglais reachtaíochta |
| | • Leanúint den Phlean Cur Chun Feidhme Cumarsáide a leathadh amach | R1 - R4 | • Seoladh oifigiúil na cáipéise maidir le Róil agus Freagrachtaí<br>• Moltaí a rinneadh san athbhreithniú neamhspleách ar chumarsáid inmheánach a chur i bhfeidhm |
| RS 7.2<br>PDA 3.6 | • Athbhreithniú bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha a chur i gcrích agus SIC a ullmhú | R1 | • Cinnteoidh BOO Chiarraí go bhfaighfear ráthaíocht chuí go bhfuil rialuithe sainithe ag feidhmiú de réir mar a bhí beartaithe |
| | • Creat de Thuarascálacha Bainistíochta a fhorbairt le heolas ón gCreat Rialaithe Inmheánaigh | R2 | • Forbrófar tuarascálacha míosúla agus eiseofar iad chuig an Stiúrthóir ábhartha i gcomhair tuilleadh gníomhaíochta |
| | • Aonad Soláthair láraithe a bhunú do BOO Chiarraí | R1 - R4 | • Aonad Soláthair Láraithe – tá foireann ann agus tá an tionscadal píolótach curtha i bhfeidhm |
| | • Próisis agus feasacht i meas na foirne maidir le Cosaint Sonraí a fhorbairt tuilleadh | R1 - R4 | • Mapáil Sonraí le cur i gcrích i ngach ionad FET, Bunscoil agus sa Cheannoifig<br>• Oiliúint maidir le Feasacht um Chosaint Sonraí le leathadh amach chuig na baill foirne ar fad |
| RS 7.3<br>PDA 2.1 | • Beartais agus nósanna imeachta HR a athbhreithniú agus a fhorbairt tuilleadh i gcónaí | R1 - R4 | • Athbhreithniú déanta ar bheartais agus nósanna imeachta HR |
| | • Cleachtais agallaimh a nuashonrú i gcomhréir leis an athrú i dtreo agallóireacht chianda | R3 | • Oiliúint don bhord agallaimh a chur i gcrích maidir le scileanna i ndáil le hagallóireacht chianda |
| | • An chéad leagan den Mhaitrís Údaráis a thabhairt chun deiridh | R2<br>R1 - R4 | • Tá an Mhaitrís Údaráis ar fáil ar SharePoint Beartais BOO Chiarraí<br>• Oiliúint don Bhainistíocht Líne maidir leis an Maitrís Údaráis |
| | • Plean Soláthair Chorparáidigh 2020-21a chur i bhfeidhm | | • Leanúint de Phlean Soláthair Chorparáidigh 2020-21a leathadh amach |
| 7.4<br>PDA 3.8 | • Próiseas Bainistithe Sócmhainne Seasta tugtha chun críche do gach Ionad seachtrach | R1 - R2 | • Leathadh amach an Chórais Bainistithe Sócmhainní Seasta leictreonaigh a chur i gcrích |
| | • An próiseas maidir le ICT DPER CL 2016 (Deireadh & Tús na Bliana) a chríochnú a athbhreithniú | R1 | • Próiseas bliantúil Deiridh agus Túis Bhliana curtha ar bhonn foirmiúil agus sprioc-amanna taiscthe bainte amach.<br>• Athbhreithnithe ráithiúla um chomhlíonadh |
| | • Oiliúint cheannaireachta agus bhainistíochta a leathadh amach i scoileanna | R1 - R4 | • Oiliúint cheannaireachta agus bhainistíochta curtha ar fáil maidir le Foirne a Spreagadh, Réiteach Coimhlinte agus Bunluachanna<br>• Féilire DSEL de CPD ullmhaithe agus curtha ar fáil bunaithe ar mholtaí a thug baill foirne |
| | • Bunluachanna a Chomhtháthú –Creat Éitis a thabhairt isteach i bpróiseas pleanála agus forbartha scoileanna | R2 | • Déanfar céim a haon agus céim a dó de Bhunluachanna – leathadh amach Creata Éitis a chur i bhfeidhm |

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **7.5**<br>**PDA 3.3** | • Ár n-acmhainn um bainistíocht airgeadais a fheabhsú | **R1 - R4** | • Seirbhísí Comhroinnte Párolla leata amach go rathúil<br>• Ullmhú do Chóras Airgeadais Sun a chur i bhfeidhm |
| **RS 7.6**<br>**PDA 3.1** | • Córas láraithe aonair freastail agus íocaíochta d'fhoghlaimeoirí a fhorbairt do gach soláthar FET | **R1 - R4** | • Pleananna curtha chun cinn in 2021 d'fhonn iad a t thabhairt chun críche in 2022 |
| | • Plean Gníomhaíochta a fhorbairt don Aonad um Chomhlíonadh | **R2** | • Pleananna curtha chun cinn in 2021 d'fhonn iad a thabhairt chun críche in 2022 |
| | • Cuntais 2019 (faoin 1 Aibreán, 2020) agus Tuarascáil Bhliantúil (faoin 30 Meitheamh, 2020) a chur isteach | **R1 - R2** | • Cloíodh leis an sprioc-am tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn |
| | • Rialuithe Inmheánacha agus Creat Tástála Comhlíontachta a fhorbairt tuilleadh ar fud réimsí éagsúla | **R1 - R2** | • Creat Comhlíontachta forbartha do Bhainistíocht Sócmhainní Seasta, Creidiúnaithe etc. |
| | • Breithmheas an Bhoird ar obair a chuir na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca i gcrích<br>• Cinnte a dhéanamh go gcuirfear tuarascálacha Coiste Alt 45 isteach chuig Bord BOO go tréimhsiúil, i gcomhréir le CL0002/2019 | **R1 - R4** | • Ba chóir do Chathaoirleach gach aon Choiste a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha i scríbhinn ar fáil do chomhaltaí an bhoird maidir leis an obair a chuir an Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca i gcrích de réir mar a éilítear faoi CL0002/2019 |
| **RS 7.7**<br>**PDA 2.2** | • An Toghchán Foirne maidir le Folúntas ar Bhord BOO Chiarraí a chur i gcrích | **R2** | • Ammní na Foirne ceaptha ar Bhord BOO i ndiaidh an toghcháin |
| | • A chinntiú go gcoinnítear saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais | **R1 - R4** | • Ceapacháin ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais curtha i gcrích ag an mBord i gcomhairle le cathaoirligh Coiste<br>• Tugann comhaltaí Coistí seachtracha na scileanna agus taithí iniúchóireachta agus airgeadais chuig an ról atá ag teastáil |
| | • Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar rátaí freastail ag cruinnithe Bhord BOO, Choiste Alt 44 agus Alt 45 | **R1 - R4** | • An ceanglas maidir le freastal ar gach cruinniú de réir CL0002/2019 a chur in iúl an athuair do rúnaithe/comhaltaí |
| | • Rialachas Corparáideach – tuiscint shoiléir ar cheanglais CL:0002/2019 a neadú | **R1 - R4** | • Oiliúint maidir le Rialachas eagraithe do Bhaill Foirne Sinsearacha, Bord BOO, Coistí Alt 44/45, de réir mar is ábhartha |
| **RS 7.7, 7.8** | • Féinmheastóireacht Boird a chur i gcrích i gcomhréir le CL0002/2019 | **R3 - R4** | • Bord agus Coistí BOO chun féinmheastóireacht a chur i gcrích trí úsáid a bhaint as an gceistneoir atá in CL0002/2019, chun réimsí a aithint ina bhfuil feabhas ag teastáil |
| | • Féinmheastóireachtaí le cur i gcrích ag Coistí Alt 45 | **R3 - R4** | • Cinntíonn cathaoirligh an choiste iniúchóireachta agus riosca & an choiste airgeadais araon go gcuirtear beart féinmheastóireachta i gcrích gach bliain de réir mar a éilítear faoi CL0002/2019 |
| | • Creat Folláine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | **R1 - R4** | • Coiste Stiúrtha um Fholláine curtha ar bun<br>• Clár Folláine comhtháite a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach i gcomhréir leis an gCreat do JC (2015 |





# Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

## **RÁITEAS STRAITÉISE 8:** Comhaontú Feidhmíochta 3.4

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 8.1, 8.2, 8.3** | • Branda BOO Chiarraí a fhorbairt tuilleadh gus straitéis mhargaíochta a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta | **R1 - R4** | • Procure marketing and branding services<br>• Marketing strategy to be approved by the ETB Board<br>• Admissions Office to lead rebranding for Kerry College and wider FET provision<br>• Improved dissemination of information to the general public |
| **RS 8.4** | • Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm | **R1 - R4** | • Year 1 Implementation report completed<br>• The implementation of Scéim Teanga is monitored and reviewed at steering committee meetings |
| | • Aonad Nua Soláthair Gaeilge Choláiste Chiarraí a Fhorbairt | **R3** | • Expansion of Irish courses delivered across Kerry College |
| **RS 8.5 PDA 2.2** | • Úsáid a bhaint as láithreacht ar líne / ar na meáin shóisialta a chur chun cinn go héifeachtach ar fud na scéime seo | **R1 - R4** | • Nós Imeachta Meán Sóisialta forbartha agus tá ceardlanna/seimineáir ghréasáin leantacha socruithe do bhaill foirne ábhartha<br>• Baill foirne/PORanna atá freagrach as na meáin shóisialta ar fud na scéime a athbhreithniú agus a dhoiciméadú<br>• Láithreáin ghréasáin scoile nua forbartha don aon scoil déag |
| **RS 8.6** | • Aip chumarsáide a fhorbairt do scoil amháin mar thionscnamh píolótach | **R3** | • Tionscnamh na haipe píolótaí agus moltaí iomchuí a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm |
| **RS 8.7, 8.8** | • Grúpa Oibre um Bealaí maidir le Dul Chun Cinn a dhéanamh chun foilseacháin a fhorbairt do thuismitheoirí maidir le bealaí ag daltaí chun dul chun cinn a dhéanamh | | • Faisnéis um bealaí maidir le dul chun cinn a dhéanamh a scaipeadh ar thuismitheoirí |
| **RS 8.9** | • SharePoint Beartais inmheánach BOO Chiarraí a athdhearadh | **R4** | • An SharePoint nua a sheoladh i ndiaidh Ailtireacht MS Office 365 a bheith curtha i bhfeidhm |

# An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

## RÁITEAS STRAITÉISE - SPRIOC 9: Comhaontú Feidhmíochta 1.6

| TOSAÍOCHT | GNÍOMH | SPRIOC | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA |
|---|---|---|---|
| **RS 9.1** | • Tionscadail Chaipitil agus Tógála a chur chun cinn – áitribh ar le BOO Chiarraí iad agus áitribh nach le BOO Chiarraí iad san áireamh | **R1 - 4** | • Tús a chur le Gaelcholáiste Chiarraí nua a thógáil<br>• Síneadh a chur le Campas Lios Tuathail Choláiste Chiarraí a chur chun cinn<br>• Síneadh a chur le Scoil Chuimsitheach an Tóchair a chur ar aghaidh go Céim 2A faoi R4<br>• Aghaidh a thabhairt ar Shaoráidí Carrchlóis Choláiste Chiarraí<br>• Tús a chur le Bunscoil Lios Teilice a thógáil faoi R2<br>• Iarratas pleanála do Scoil Naomh Oilibhéar R4 |
| | • An timpeallacht ina n-oibríonn baill foirne a fheabhsú | **R1 - 4** | • Feasacháin Folláine a eisiúint ar bhonn rialta<br>• Rochtain ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn<br>• Tionscadail Chaipitil agus Tógála a chur chun cinn |
| **RS 9.2** | • Pleanálaí Beartais curtha i bhfeidhm chun athbhreithniú córasach a bhunú maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta reatha agus aghaidh a thabhairt agus bhearnaí reatha maidir le Beartas /Nósanna Imeachta. | **R1 - R4** | • Athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta curtha i gcrích<br>• Forbairt déanta ar Bheartais agus Nósanna Imeachta |
| **RS 9.3**<br>**PDA 2.5**<br>**PDA 3.2** | • Leanúint de Bheartas agus Creat Bainistíochta Riosca BOO Chiarraí a fhorbairt agus a leathadh amach | **R1 - R4** | • Cinntíonn Bord BOO go bhfuil próiseas leanúnach ann atá leagtha amach chun rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí a bhaint amach a aithint agus dul i ngleic leo<br>• Tacaíonn an coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mbord sa ról seo |
| | • Acmhainní, cleachtais bainistíochta airgeadais etc. a athbhreithniú chun tosaíochtaí maidir le hoiliúint/tacaíochtaí breise a aithint. | **R2** | • Anailís maidir le riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais le cur i gcrích go bliantúil<br>• Clár oiliúna maidir le bainistíocht airgeadais forbartha agus curtha i bhfeidhm |
| | • Straitéis FET TEL a fhorbairt i gcomhréir le Straitéis FET TEL SOLAS agus Straitéis ICT BOO Chiarraí | **R3** | • Straitéis FET TEL le ceadú ag Bord BOO Chiarraí |
| **RS 9.4**<br>**PDA 2.2**<br>**PDA 2.6** | • Plean Foriomlán CPD don bhliain 2021 a fhoilsiú | **R1 - R4** | • Plean agus deiseanna CPD le cur ar fáil ar an SharePoint beartais |
| | • An mhír maidir le "Folláine" ar an SharePoint Beartais a fhorbairt tuilleadh | **R3** | • An Mhír maidir le Folláine ar an SharePoint Beartais le bheith inrochtana ag na baill foirne ar fad<br>• Faisnéis bhreise le bheith ar fáil sa mhí ar nós EAP, imeachtaí etc. |
| **RS 9.5**<br>**PDA 1.5** | • Leanúint de chláir ag réimse straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun cur le sláinte intinne dhearfach mac léinn, foghlaimeoirí agus ball foirne | **R1 - R4** | • Curaclam comhtháite maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach a fhorbairt i ngach scoil<br>• Clár RSE a fheabhsú ar fud na scoileanna ar fad<br>• Leanúint d'Oiliúint SST a chur ar fáil agus a fhorbairt tuilleadh |

| PRIORITY | ACTION | TARGET | PERFORMANCE INDICATOR |
|---|---|---|---|
| **RS 9.6**<br>**PDA 2.4** | • Dea-chleachtais sláinte agus sábháilteachta a neadú tuilleadh ar fud na scéime | **R1 - R4** | • Seiceálacha láithreáin le cur i gcrích ag an Oifigeach Sábháilteachta agus cinnte a dhéanamh go bhfuil gach measúnú riosca cothrom le dáta<br>• Ceithre athbhreithniú ar a laghad um Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta le cur i gcrích leis an Stiúrthóireacht le linn na bliana |
| **RS 9.7**<br>**PDA 2.2** | • Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i ndáil le cláir | **R1 - R4** | • Leanúint d'oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil do Choistí alt 44<br>• Soláthar leanúnach CPD maidir le Cosaint agus Coimirciú Leanaí<br>• Oiliúint maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach a aithint agus a chur ar fáil<br>• CPD a chur ar fáil maidir le clár RSE<br>• Oiliúint a chur ar fáil maidir le Foirne um Thacaíocht do Dhaltaí |
| **RS 9.8** | **Féach an mhír maidir leis an gclár chaipitil shuntasaigh thíos (Aguisín 1)** | | |
| **RS 9.9**<br>**PDA 1.6** | • Campas Lios Tuathail Choláiste Chiarraí a scaradh ó Iar-bhunscoil Lios Tuathail | **R3 - R4** | • Campas nua Choláiste Ciarraí Lios Tuathail curtha ar bun |
| | • Fáltas caipitiúil agus Campas nua Choláiste Chiarraí, Saoráidí Printíseachta i dTrá Lí, a fhorbairt | **R3 - R4** | • Saoráidí printíseachta i mbaile Thrá Lí a mhéadú<br>• Barainneachtaí scála níos mó bainte amach |
| | • Tionscnamh tógála Ghaelcholáiste Nua curtha chun cinn | **R1** | • An Príomhchonraitheoir ceaptha agus ar an láthair R1 |
| | • Síneadh ar Scoil Chuimsitheach an Tóchair curtha chun cinn | **R1 - R4** | • Tuarascáil roimh Chéim 1 curtha i gcrích<br>• Dul ar aghaidh chuig Céim 2A faoi R4 |
| | • Saoráidí Páirceála laistiar de Champas na Claise Choláiste Chiarraí | **R1 - R3** | • Tairiscint a chur isteach R1<br>• Críochnú faoi R3 |

# 5 / Socruithe Forfheidhmithe agus Monatóireachta

Aithníonn BOO Chiarraí gur bac barrthábhachtach maidir le straitéis a chur i bhfeidhm go héifeachtach is ea sraith táscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na heagraíochta. Forbraíodh teimpléid um fhorfheidhmiú a thuairisciú do gach aon cheann de na trí cholún le cur ar chumas na heagraíochta dul chun cinn a phleanáil, a thaifeadadh agus a fhoilsiú maidir leis an Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm.

Aithníodh gníomhartha agus critéir intomhaiste ratha do gach cuspóir straitéiseach in 2021 agus ailíníodh iad le gach aon cheann den na trí cholún. Aithníodh Duine Freagrach (POR) freisin lena chinntiú go mbainfí amach na cuspóirí agus gníomhartha de réir mar a aithníodh iad. Trí na bearta seo, tacaítear leis an méid a leanas:
- Tuairisciú maidir le héifeachtacht,
- Ionchuir agus aschuir a mhonatóiriú,
- Aschuir/spriocanna a mhonatóiriú.

Trí gach colún, ailínítear gníomhaíocht le Plean Seirbhíse 2021 de réir na ráithe (ceithre huaire in aghaidh na bliana) trí *Tuarascálacha Cur Chun Feidhme* a chur i gcrích. Tríd an gcur chuige tuairiscithe seo, cuidítear le BOO Chiarraí monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an Ráiteas Straitéise a fhíorú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Chomh maith leis sin, trí na tuarascálacha cur chun feidhme, is féidir sonraí níos cuimsithí, níos bailí agus níos iontaofa a chur ar fáil maidir lenár seirbhísí le linn na bliana. Comhroinntear meadaracht agus torthaí feidhmíochta lenár bpáirtithe leasmhara i gcónaí chun pleanáil a fheabhsú le linn na bliana agus chun aird a tharraingt ar ionchur an oideachais agus na hoiliúna i gCiarraí.

| TUARASCÁIL CUR CHUN FEIDHME SHAMPLACH | | | |
|---|---|---|---|
| **Sprioc 1 Cláir a bhfuil Aitheantas agus Dearbhú Cáilíochta acu go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta**<br>*Príomhchúram: Cláir oideachais agus oiliúna a leagan amach agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.* | | | |
| **Gníomhartha (An méid a dhéanfaimid)** | **Plean Seirbhíse 2021** | **Bainte amach in 2020** | **Trácht** |
| 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcláir oideachais agus oiliúna agus cúrsaí lena chinntiú go bhfuil siad ailínithe leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochta agus go bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu | | | |
| 2. Cinnte a dhéanamh de go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis maidir le pleanáil scoile agus féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach aon cheann dár scoileanna iar-bhunscoile i gcónaí. | | | |
| 3. Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta don earnáil óige. | | | |
| 4. Cur i bhfeidhm comhsheasmhach nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i ngach clár oideachas agus oiliúna ag gach leibhéal a chinntiú. | | | |
| 5. Leanúint dár scoileanna / coláistí / ionaid a ullmhú do chigireachtaí seachtracha, cuairteanna monatóireachta maidir le cáilíocht agus dearbhú cáilíochta agus cur i bhfeidhm éifeachtach moltaí / torthaí na gcigireachtaí/ cuairteanna seo a chinntiú. | | | |

**Fíor 5:** Dréacht-Tuarascáil Cur Chun Feidhme

# 6 / Seirbhísí Neamhlárnacha a mheasúnú - CL0003/2019

Leagtar amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 gníomhartha áirithe nach féidir a dhéanamh gan cead a fháil ón Aire Oideachais. (e.g. talamh a fháil, iasachtaíocht). Dá bharr sin, éilítear ar BOOnna cead i scríbhinn a fháil roimhe ré ón Roinn sula gcuirtear clár nó gníomhaíocht nua ar fáil:

a) *Nach bhfuil ar cheann dá chroísheirbhísí (i.e. oideachas bunscoile, iar-bhunscoile, PLC agus oideachas breise),*
*nó*

(b) *Croísheirbhísí a mheasann sé a bheith laistigh dá chroísheirbhísí, nó a bhaineann le croísheirbhísí, ach nár bhunaigh nó nár mhaoinigh an Roinn cheana féin.*

I gcomhréir le forálacha Imlitir 0003/2019, ba chóir do BOO Chiarraí measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí neamhlárnacha reatha agus iad a chur in iúl don Bhord agus don Roinn ar bhonn bliantúil trína Phlean Seirbhíse.

**Music Generation**
Trí Music Generation Chiarraí, cuirtear deis uathúil agus chlaochlaitheach ar fáil do BOO Chiarraí an soláthar ceoil i scoileanna, campais agus timpeallachtaí óige ar fud an chontae a mhéadú agus a fheabhsú. Ní raibh aon easpa gníomhaíochta le tuairisciú le linn 2020, cé gur aistríodh an soláthar ar fad ar líne. Ar roinnt de na tionscnaimh le haird a dhíriú orthu, áirítear Ceardlanna agus Campaí Scríofa Amhrán, Scoil Samhraidh Ceoil, Cúrsaí Lár Téarma (lena n-áirítear Ucailéile Shóisearach agus Shinsearach), Cláir um Theicneolaíocht an Cheoil ar Líne, Mol Uirlise/Scríofa Amhrán agus cláir Bhunscoile ina raibh 235 rannpháirtí i gceist a bhunú.

**Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach**
Tá an Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Chruthaitheach (LCYP) ina thionscadal náisiúnta píolótach atá maoinithe tríd an Roinn Oideachais agus Éire Ildánach agus faoi láthair, is é BOO Chiarraí an príomhchomhpháirtí maidir leis an gclár a leathadh amach i gcontae Chiarraí. Cuspóir LCYP Chiarraí is ea cur le cruthaitheacht leanaí agus na hóige trí oibriú i gcomhar le heagraíochtaí agus pobail sa chontae. I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an tionscnamh i gcomhréir le CL0003/2019 in 2020, chinn BOO Chiarraí aistriú go múnla soláthair de chineál SLA agus an clár cruthaitheachta á chur ar fáil ag Soláthraithe Seirbhíse Óige i gcomhréir le ceanglais SLA. Cuirfear an t-aistriú chuig an múnla seo i gcrích faoi dheireadh Ráithe 1, 2021.

**Folláine Chiarraí**
In 2019, fuair BOO Chiarraí ceadú ón Roinn Oideachais maidir leis an gclár féinmhaoinithe, Folláine Chiarraí, a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm le Folláine Chiarraí tacaíocht shóisialta, phearsanta agus oideachais shláinte a chur ar fáil i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna trí oiliúint a chur ar fáil d'fhoirne um Thacaíocht Daltaí. Ón 1 Eanáir 2021, chinn BOO Chiarraí Folláine Chiarraí a phríomhshruthú agus béim á leagan ar scoileanna (iar-bhunscoileanna) BOO Chiarraí amach anseo.

# 7 / Ráiteas Inghlacthachta Riosca BOO Chiarraí 2021

An 17 Deireadh Fómhair 2020, cheadaigh Bord BOO Chiarraí an Ráiteas Inghlacthachta Riosca don bhliain 2021.

**Ráiteas Inghlacthachta Riosca**

Sa ráiteas inghlacthachta riosca seo, sainítear an méid riosca atáimid toilteanach tabhairt faoi, a lorg, glacadh leis nó cur suas leis agus sinn ag tabhairt faoinár misean agus tosaíochtaí. Agus aitheantas á thabhairt do chineál agus éagsúlacht ghníomhaíochtaí BOO Chiarraí, leagtar amach go léaráideach sa tábla a leanas an inghlacthacht riosca ar fud na bpríomhghníomhaíochtaí agus catagóirí riosca, de réir mar a chomhaontaigh an fhoireann/na foirne rialachais agus ceannaireachta.

| Catagóir/Gníomhaíocht Riosca | Riosca do-ghlactha<br>Toilteanas níos airde i leith rioscaí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 1. Airgeadas | | | | | | | | | | |
| 2. Straitéis | | | | | | | | | | |
| 3. Oibríocht | | | | | | | | | | |
| 4. Teicneolaíocht / Cur Chuige Nua i leith Teagasc & Foghlaim | | | | | | | | | | |
| 5. Cái | | | | | | | | | | |
| 6. Comhlíonadh | | | | | | | | | | |
| 7. Timpeallacht | | | | | | | | | | |

Cuirtear inghlacthacht riosca BOO Chiarraí maidir lena ghníomhaíochtaí ar fáil sna ráitis seo a leanas:

**Airgeadas:** Tá sé mar aidhm ag BOO Chiarraí a inmharthanacht airgeadais fadtéarmach agus neart airgeadais foriomlán a choinneáil. Ní ghlacann BOO le haon riosca i ndáil lena ghníomhaíochtaí a chuirfeadh isteach ar a bhonn maith airgeadais nó a bhainfeadh den soláthar maoinithe leithdháilte.

**Straitéis**: D’fhonn a chuid cuspóirí a bhaint amach, ní mór do BOO Chiarraí a bheith toilteanach dul i riosca agus glacadh le riosca. Glacann BOO le méid measartha riosca i ndáil le hinfheistíocht trína méadófaí a sholáthar oideachais. Cinnteoidh BOO go dtuigtear na tairbhí agus rioscaí féideartha go hiomlán sula gcomhaontaítear forbairtí agus go mbunófar bearta cuí chun riosca a laghdú.

**Oibríocht**: Tá sé mar aidhm ag BOO Chiarraí aon chaillteanais a tharlaíonn mar gheall ar phróisis inmheánacha, earráid dhaonna, córais nó cúrsaí seachtracha nach n-éiríonn leo a íoslaghdú. Áirítear le riosca oibríochta calaois, cleachtais fostaíochta, cleachtais agus próisis ghnó, damáiste do shócmhainní fisiceacha, cur isteach ar ghnó agus teipeanna i gcórais.

**Teicneolaíocht / Cur Chuige Nua i leith Teagaisc & Foghlama**: Leanann BOO Chiarraí d’fhaire amach d’ardáin teicneolaíochta nua agus beachtaithe agus infheistíocht a dhéanamh iontu mar chuid d’iarracht an t-eispéireas foghlama ag mic léinn/foghlaimeoirí agus baill foirne a shaibhriú. Tá infheistíocht á déanamh i gcórais nua e.g. ardáin MS, agus i saoráidí laistigh de scoileanna/ionaid i gcónaí agus is ar bhonn céimnithe a thugtar faoi chláir phleanáilte maidir le huasghrádú agus cothabháil. Déantar modhanna eile soláthair sa seomra ranga a mheas, lena n-áirítear taifeadadh agus sruthú, go háirithe i gcás ina dtacaítear le foghlaim chumaisc.

**Cáil**: Meastar go bhfuil sé ríthábhachtach go gcoinneodh BOO Chiarraí an ardcháil atá air. Dá bharr sin, ní ghlacann BOO le mórán riosca maidir le ceann ar bith dá ghníomhaíochtaí trína bhféadfaí a cháil a chur i mbaol, trína bhféadfadh poiblíocht dhiúltach iomarcach bheith i gceist, nó trína bhféadfadh an pobal agus an Rialtas muinín a chailleadh ann.

**Comhlíonadh**: Tá BOO Chiarraí dúthrachtach faoi na caighdeáin is airde a choinneáil maidir le hionracas, comhlíonadh agus eitic. Níl aon ghlacadh ag BOO le sárú ar bith maidir le dlí, rialachán, caighdeáin ghairmiúla, eitic, breabaireacht ná calaois.

**Timpeallacht:** Tá sé mar aidhm ag BOO Chiarraí ionchur atá suntasach, inbhuanaithe agus freagrach go sóisialta a dhéanamh i ngach pobal ina bhfeidhmíonn sé. Aithnítear go mbaineann leibhéal níos airde riosca leis sin agus tá sé compordach glacadh leis an riosca sin, ar choinníoll go ndéantar na tairbhí (agus rioscaí) a d’fhéadfadh bheith i gceist a thuiscint go hiomlán sula n-údaraítear forbairtí agus go mbunaítear bearta ciallmhara chun riosca a laghdú.

# Aguisín I / Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta

## Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

| | Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2021 (Meastachán) | Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2020 (Roimh Iniúchóireacht) |
|---|---|---|
| | **Iomlán** | **Iomlán** |
| **FÁLTAIS** | **€** | **€** |
| Deontais Scoileanna & Ceannoifige | 27,619,930 | 26,677,889 |
| Deontais Bunscoile | 79,190 | 95,774 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | 35,702,488 | 33,228,868 |
| | | |
| DEONTAIS DO SHEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO MHIC LÉINN | | |
| Deontais do Sheirbhísí Óige | 751,005 | 749,836 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 2,000,000 | 1,940,541 |
| Caipiteal | 18,908,120 | 3,202,595 |
| | **85,060,733** | **65,895,503** |
| | | |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Scoileanna & Ceannoifig | 27,633,194 | 26,288,051 |
| Bunscoil | 97,950 | 109,097 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 35,702,488 | 32,427,698 |
| | | |
| SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO MHIC LÉINN | | |
| Seirbhísí Óige | 751,005 | 784,018 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Fhéinmhaoinithe | 2,000,000 | 2,017,982 |
| Caipiteal | 16,568,545 | 1,755,797 |
| | **82,753,182** | **63,382,643** |
| | | |
| **Farasbarr /(Easnamh) Airgid don Tréimhse** | **2,307,551** | **2,512,860** |

.

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
## Íocaíochtaí Scoileanna agus Ceannoifiges

| | Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2021 (Meastachán) | Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2020 (Roimh Iniúchóireacht) |
|---|---|---|
| | **Iomlán** | **Iomlán** |
| **Íocaíochtaí Scoileanna & Ceannoifige** | **€** | **€** |
| **PÁ** | | |
| Teagasc | €22,186,266 | €20,728,528 |
| Riarachán | €2,254,130 | €2,458,270 |
| Cothabháil | €566,876 | €653,538 |
| | **€25,007,272** | **€23,840,336** |
| **NEAMHPHÁ** | | |
| Teagasc | €125,976 | €43,387 |
| Riarachán | €545,896 | €725,791 |
| Cothabháil | €727,862 | €751,761 |
| | **€1,399,734** | **€1,520,939** |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | |
| An Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile | €259,063 | €222,046 |
| Deontas DEIS & Teagmhálaithe Baile agus Scoile (Iena n-áirítear Clár Samhraidh) | €0 | €63,331 |
| Deontas Leabhar | €87,477 | €78,892 |
| Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh | €17,100 | €16,925 |
| An Idirbhliain | €21,565 | €12,408 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | €8,546 | €4,637 |
| Caipitíocht don Lucht Siúl | €13,878 | €8,527 |
| Deontas do Ranganna Speisialta | €804 | €359 |
| Fisic, Ceimic agus Eolaíocht | €2,353 | €2,176 |
| Bonneagar ICT | €190,608 | €109,442 |
| Deontas ceadaithe ag DES i leith trealaimh riachtanas speisialta | €0 | €25,741 |
| Eolaíocht Ríomhaireachta don Ardteistiméireacht | €0 | €144 |
| Clár um Chruthaitheacht Óige | €150,000 | €123,930 |
| Tionlacan Bus | €21,000 | €20,339 |
| Deontais Tacaíochta Covid 19 | €383,120 | €233,553 |
| Tionscadal DES/ESBS un Sheirbhísí Comhroinnte | €70,674 | €4,326 |
| | **€1,226,188** | **€926,776** |
| | **€27,633,194** | **€26,288,051** |
| **Bunscoil** | **€97,950** | **€109,097** |

.

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
### Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna

| ÍOCHAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA | Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2021 (Meastachán) Iomlán | Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2020 (Roimh Iniúchóireacht) Iomlán |
|---|---|---|
| **BREISOIDEACHAS** | **€** | **€** |
| VTOS | €2,551,889 | €2,430,990 |
| Ógtheagmháil | €2,296,790 | €2,371,263 |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | €639,708 | €776,653 |
| Litearthacht Aosach | €695,611 | €649,080 |
| Oideachas Pobail | €254,788 | €250,839 |
| An tSeirbhís Ghairmthreorach um Oideachas Aosach | €150,890 | €174,506 |
| Dianteagasc | €10,000 | €9,740 |
| Litearthacht Teaghlaigh DEIS | €5,000 | €5,237 |
| Tacaíocht Riaracháin Legacy/SOLAS Costais Oibríochta /ONP/FET | €2,979,685 | €2,190,713 |
| Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna | €980,000 | €1,034,148 |
| An tAonad um Dhearbhú Cáilíochta & Curaclaim | €600,000 | €590,239 |
| Scileanna don Obair | €10,000 | €35,324 |
| ESOL | €92,000 | €88,360 |
| PLC (arna mhaoiniú ag Solas) | €5,976,046 | €3,657,345 |
| Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí | €100,000 | €100,009 |
| Uaireanta Comhoibrithe | €167,978 | €165,911 |
| Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) | €92,245 | €88,374 |
| Ciste Nuálaíochta (OEC) | €790,000 | €377,343 |
| An tAonad Earcaíochta Cúrsa | €401,571 | €375,917 |
| | **€18,794,201** | **€15,371,991** |
| **OILIÚINT** | | |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe (STP) | €2,650,896 | €2,497,562 |
| Nasc-chúrsaí, Bonnchúrsaí a& Oiliúint Scileanna | €2,509,062 | €2,319,912 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | €878,688 | €823,972 |
| Foireann & Oibríochtaí | €2,969,763 | €3,208,266 |
| Cúrsaí Oiliúna | €2,937,658 | €3,177,098 |
| Printíseachtaí | €3,088,802 | €2,687,642 |
| Costais Oibriúcháin | €1,297,400 | €1,709,361 |
| Cúrsaí Oíche | €290,000 | €287,532 |
| Deontas IT do Mhic Léinn faoi Mhíbhuntáiste | €0 | €60,826 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh | €250,000 | €93,968 |
| Printíseacht APA 2016+ | €36,018 | €189,568 |
| | **€16,908,287** | **€17,055,707** |
| | **€35,702,488** | **€32,427,698** |

.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

## ÍOCAÍOCHTAÍ I LEITH SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO MHIC LÉINN/ ÓIGE

| | Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2021 (Meastachán) Iomlán | Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2020 (Roimh Iniúchóireacht) Iomlán |
|---|---|---|
| **ÍOCAÍOCHTAÍ I LEITH SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO MHIC LÉINN** | **€** | **€** |
| Deontais agus Scoláireachtaí | €0 | €0 |
| | **€0** | **€0** |
| **ÍOCAOCHTAÍ I LEITH SEIRBHÍSÍ ÓIGE** | | |
| Deontas i leith na hóige faoi Mhíbhuntáiste (Deontas SPY) | €438,657 | €392,397 |
| An tAcht um Obair don Aos Óg (An Plean Forbartha um Obair Don Ógra) | €133,538 | €122,268 |
| Caipiteal um Obair don Óige | €0 | €25,890 |
| Faisnéis don Óige | €118,569 | €102,871 |
| An Tionscnamh um Infhostaitheacht Óige | €0 | €65,000 |
| Tionscnaimh LGBTI + | €0 | €7,750 |
| Scéim Deontais i leith Clubanna Óige | €60,241 | €60,143 |
| Scéim Deontais i leith Trealaimh do Chlubanna Óige | €0 | €7,699 |
| | **€751,005** | **€784,018** |

.

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
## Clár Caipitil – Fáltais agus Íocaíochtaí

| **Capiteal** | **Don Bhliain dar Chríoch 31/12/2021 (Meastachán) Iomlán** |
|---|---|
| **FÁLTAIS** | **€** |
| An Roinn Oideachais & Scileanna | €16,111,845 |
| SOLAS | €2,796,275 |
| Eile | €0 |
| **Iomlán** | **€18,908,120** |

**ÍOCAÍOCHTAÍ**

| | | |
|---|---|---|
| CNS Tathuile | Fuinneoga nua a chur isteach/ Leasúchán Caonach | €55,000 |
| Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Oibreacha Feabhsúcháin ar an gCoire | €8,000 |
| Coláiste Pobail Chill Orglan | Córas Bainte Deannaigh nua a chur isteach | |
| | – An Seomra Staidéir Foirgníochta | €77,078 |
| Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Córas Bainte Deannaigh nua a chur isteach | |
| | – An Seomra Staidéir Foirgníochta | €84,000 |
| Coláiste na Sceilge | Córas Bainte Deannaigh nua a chur isteach | |
| | – An Seomra Staidéir Foirgníochta | €77,000 |
| Coláiste na Ríochta | Córas Bainte Deannaigh nua a chur isteach | |
| | – An Seomra Staidéir Foirgníochta | €75,215 |
| Coláiste na Ríochta | An Córas Teasa a Uasghrádú | €109,477 |
| Coláiste Pobail Chill Airne | Urlár nua a chur isteach sa Halla Spóirt | €62,350 |
| Coláiste Gleann Lí | Córas Bainte nua a Chur isteach – An Seomra Innealtóireachta | €57,000 |
| Coláiste Gleann Lí | An Córas Teasa a Uasghrádú | €24,000 |
| Gaelcholáiste Chiarraí | Oibreacha ar an Díon | €6,542 |
| Coláiste na Ríochta | An tUmar Uisce a Uasghrádú | €1,416 |
| Coláiste Gleann Lí | Bealach Isteach do Choisithe | €5,346 |
| Coláiste na Sceilge | Oibreacha maidir le hAerú | €3,904 |
| Coláiste na Ríochta | Troscán & Trealamh | €82,000 |
| Coláiste na Ríochta | Foirgnimh réamhdhéanta a shuiteáil | €187,000 |
| Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Síneadh a chur leis an Scoil | €220,000 |
| Scoil Náisiúnta Lios Teilice | Scoil Nua | €2,200,000 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar | Síneadh a chur leis an Scoil | €195,000 |
| Gaelcholáiste Chiarraí | Scoil Nua | €9,399,900 |
| Coláiste Pobail Chill Airne | Aonad ASD | €25,000 |
| Coláiste Gleann Lí | Tionscadal Deighilte / SNU / EWS | €62,043 |
| Pobalscoil an Ghleanna | Oibreacha Athdhromchlaithe | €27,000 |
| Coláiste Pobail Chill Airne | Oibreacha ar an Díon | €138,000 |
| Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Oibreacha ar an Díon | €145,000 |
| Coláiste na Sceilge | Athsholáthar Trealaimh | €107,000 |
| Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Athsholáthar Trealaimh | €88,000 |
| Iar-bhunscoileanna | Athsholáthar Trealaimh – Staidéir Foirgníochta | €250,000 |
| Ionad Oideachais d'Aosaigh Uí Chonaill | An tIonad a Athchóiriú | €650,000 |
| Ionad Oideachais d'Aosaigh Neidín | Díon Aispeiste a Bhaint | €150,000 |
| Coláiste Chiarraí | Athfheistiú & Athchóiriú | €21,131 |
| Coláiste Chiarraí | Suiteáil Leictreach i mBloc E | €5,143 |
| Tionscnaimh Chaipitil SOLAS | Scéim Mhaoinithe Caipitil | €1,970,000 |
| **Iomlán** | | **€16,568,545** |

# Aguisín II / Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022: Spriocanna agus Cuspóirí

## SPRIOC 1: Cláir a bhfuil Aitheantas agus Dearbhú Cáilíochta acu go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta

**Príomhchúram: Cláir oideachais agus oiliúna a leagan amach agus a chur ar fáil atá deimhnithe, aitheanta agus dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.**

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcláir oideachais agus oiliúna agus cúrsaí lena chinntiú go bhfuil siad ailínithe leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochta agus go bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu
2. Cinnte a dhéanamh de go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis maidir le pleanáil scoile agus féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach aon cheann dár scoileanna iar-bhunscoile i gcónaí.
3. Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta don earnáil óige.
4. Cur i bhfeidhm comhsheasmhach nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i ngach clár oideachais agus oiliúna ag gach leibhéal a chinntiú.
5. Leanúint dár scoileanna / coláistí / ionaid a ullmhú do chigireachtaí seachtracha, cuairteanna monatóireachta maidir le cáilíocht agus dearbhú cáilíochta agus cur i bhfeidhm éifeachtach moltaí / torthaí na gcigireachtaí/ cuairteanna seo a chinntiú.

## SPRIOC 2: Ardchaighdeán Múinteoireachta agus Foghlama

**Príomhchúram: Feabhas a chur ar ár gcumais mhúinteoireachta agus foghlama ar bhonn leanúnach agus cultúr i leith feabhsú leanúnach agus foghlaim eagraíochtúil a chur chun cinn ionas go mbeidh iontaoibh ag na páirtithe leasmhara ar fad as ardchaighdeán agus ábharthacht na gclár agus na gcúrsaí.**

1. Tacú le straitéisí dearbhaithe cáilíochta maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) agus iad a fhorbairt do gach duine atá rannpháirteach i soláthar clár.
2. Tacú le cleachtais teagaisc agus foghlama ionchuimsitheacha/dhifreáilte agus acmhainní a chur ar fáil dóibh i nach aon cheann dár scoileanna/coláistí/cláir.
3. Tacú le forbairt iomlánaíoch daltaí agus foghlaimeoirí trí chorpoideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil ag gach leibhéal i.e. bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna.
4. Cultúr maidir le nuálaíocht agus cleachtas athmhachnaimh a chur chun cinn, lena n-áirítear líonraí foghlama, pobail chleachtais agus comhroinnt dea-chleachtais a fhorbairt.
5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a thabhairt isteach chun an caighdeán teagaisc agus foghlama a fheabhsú.
6. Deiseanna a chruthú chun éascaíocht a dhéanamh ar mhic léinn/foghlaimeoirí a bheith gníomhach maidir le pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfoghlaim.
7. Cultúr a chruthú ina ndéantar barr feabhais agus éachtaí foghlaimeoirí agus baill foirne araon a cheiliúradh.
8. Cuir chuige i leith curaclaim agus cláir a phleanáil ina leagtar béim ar ábhar a chur in oiriúint do riachtanais foghlaimeoirí, fostaithe, pobail agus príomhthosaíochtaí scileanna réigiúnacha.
9. Cinnte a dhéanamh gur féidir le gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus comhaimseartha.
10. Treoirlínte náisiúnta folláine a leanúint agus a chur chun cinn agus tacaíocht leordhóthanach a chinntiú do dhaltaí, mic léinn agus foghlaimeoirí.

## SPRIOC 3: Gníomhartha Nuálacha i leith Oideachais agus Oiliúna

**Príomhchúram: Réitigh agus gníomhartha nuálacha agus cruthaitheacha a fhorbairt i ndáil le riachtanais foghlama agus forbartha daoine óga agus daoine fásta i sochaí atá ag athrú.**

1. Gníomhú i leith déimeagrafaic athraitheacha i gCiarraí i gcónaí agus ár seirbhís soláthair a phleanáil dá réir sin nuair is indéanta.
2. Gníomhú go héifeachtach i leith riachtanais fostóirí agus an gheilleagair trí réitigh nuálacha agus cruthaitheacha.
3. Ár gcumas a bheith freagrúil do na dúshláin a bhaineann le sochaí ilchultúrtha a fhorbairt.
4. Freagraí a athnuachan agus a forbairt i gcónaí chun cur le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna.
5. Úsáid a bhaint as deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear foghlaim ar líne, foghlaim chumaisc, seimeastair agus cláir oíche.
6. I gcomhar le SOLAS agus i gcomhréir leis an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014- 2019, cláir oideachais agus oiliúna a aithint chun daoine óga agus daoine fásta a ullmhú chun dul chun cinn a dhéanamh agus a ullmhú do dheiseanna fostaíochta sa todhchaí.
7. Forbairt Straitéisí a spreagadh agus acmhainní a chur ar fáil dóibh chun dul i ngleic le dúshláin a d'fhéadfadh bheith roimh dhaltaí maidir le haistriú a dhéanamh ón gcóras bunscoile chuig ár n-iar-bhunscoileanna agus coláistí.
8. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do fhreagraí i leith obair don ógra i gCiarraí atá bunaithe ar riachtanais.

## SPRIOC 4: Rochtain agus Dul Chun Cinn a Dhéanamh

**Príomhchúram: Tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus foghlaimeoirí teacht ar dheiseanna oideachais agus oiliúna agus rannphairteachas iontu a choinneáil agus dul chun cinn in oideachas, fostaíocht agus/nó forbairt phearsanta a bhaint amach.**

1. Foghlaim roimhe seo a aithint i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta chun teacht a bheith ar chláir oideachais agus oiliúna a éascú.
2. Tacaíocht oideachais agus gairmthreorach a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun deiseanna rochtana agus dul chun cinn a uasmhéadú.
3. Ár straitéisí um fhoghlaimeoirí a chlárú in FET a fheabhsú d'fhonn socrúchán, rannpháirtíocht agus fanacht ar chláir a bharrfheabhsú.
4. Úsáid a bhaint as teicneolaíocht ar bhealach níos éifeachtaí chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimeoirí a rianú.
5. Straitéisí a chur i bhfeidhm agus acmhainní a ghealladh lena chinntiú go neadaítear bunlitearthachtaí (litearthacht, uimhearthacht, smaointeoireacht chriticiúil agus inniúlacht ar ríomhairí agus scileanna gnóthaithe poist) laistigh dár gcláir agus cúrsaí ar fad.
6. Sraith tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena n-áirítear tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, socrúcháin agus atreoruithe chuig gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic la bacainní ar rannpháirtíocht, coinneáil agus dul chun cinn.

## SPRIOC 5: Comhpháirtíochtaí Bisiúla a Fhorbairt

**Príomhcúram: Comhpháirtíochtaí nua agus reatha le comhlachtaí ábhartha ag an leibhéal áitiúil, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a fheabhsú d'fhonn ár gcumas riachtanais maidir le hoideachas, oiliúint agus obair don aos óg i gCiarraí a bhaint amach.**

1. Leanúint de chaidrimh éifeachtacha a fhorbairt le comhlachais fostóirí, ceardchumainn agus eagraíochtaí ábhartha eile chun taithí oibre agus socrúcháin ardchaighdeáin a chur ar fáil do mhic léinn agus foghlaimeoirí.
2. Oibriú i ndlúthchomhar i gcónaí leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Coimirce Sóisialaí, TUSLA, SOLAS, QQI agus ETBI.
3. Oibriú i dlúthchomhar i gcónaí leis na cumainn ábhartha chun cur le caighdeán na seirbhísí a chuirimid ar fáil.
4. Leanúint dár bpróisis, prótacail agus nósanna imeachta comhpháirtíochta a athbhreithniú agus a leasú nuair is cuí.
5. Caidrimh láidre a bheith againn i gcónaí le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus le heagraíochtaí deonacha óige agus pobail agus caidrimh a fhorbairt leo d'fhonn ár seirbhísí don óige a fheabhsú.
6. Caidrimh le gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a fhorbairt trí chláir de chuid an Aontais Eorpaigh.
7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht níos mó i spórt agus gníomhaíocht choirp a fhíorú.
8. Oibriú i gcomhar le comhlachais Ealaíon d'fhonn na healaíona a chur chun cinn san oideachas.
9. Naisc a fhorbairt le fostóirí chun freagraí éifeachtacha ar a riachtanais a chinntiú i ngeilleagar atá ag athrú.
10. Oibriú i ndlúthchomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun cur chuige níos comhtháite a chinntiú maidir le cláir áitiúla agus cláir forbartha pobail a chur i bhfeidhm.

## SPRIOC 6: Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

**Príomhchúram: Cumarsáid a dhéanamh le foghlaimeoirí, baill foirne, fostóirí, comhpháirtithe, an pobal agus gníomhaireachtaí agus soláthraithe oideachais eile d'fhonn ardchaighdeán, príomhchúram agus ábharthacht ár seirbhísí a fheabhsú.**

1. Comhairlí na mac léinn i ngach aon cheann dár scoileanna, coláistí agus ionaid a athbhreithniú agus a fheabhsú.
2. Comhairlí tuismitheoirí i ngach aon cheann dár scoileanna, coláistí agus ionaid a athbhreithniú agus a fheabhsú.
3. Leanúint de mheicníochtaí comhairliúcháin saincheaptha agus ionchuimsitheacha lenár bpáirtithe leasmhara ar fad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
4. Tabhairt faoi idirphlé straitéiseach le SOLAS maidir le straitéisí náisiúnta agus áitiúla a chur i bhfeidhm i ndáil le breisoideachas agus oiliúint.
5. Leanúint d'úsáid a bhaint as aiseolas ó pháirtithe leasmhara chun eolas a dhéanamh do na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus chun soláthairtí reatha a fheabhsú.
6. Leanúint dár straitéis rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a fheabhsú d'fhonn ailíniú níos éifeachtaí riachtanas fostóirí lenár straitéisí forbartha scileanna a bhaint amach.
7. Leanúint i mbun idirphlé le forais chomhairliúcháin, lena n-áirítear QQI chun cur leis na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimeoirí.
8. Teagmháil éifeachtach a dhéanamh lenár mbaill foirne chun caighdeán na seirbhíse a fheabhsú, inniúlachtaí agus cumais a fhorbairt agus barr feabhais a bhaint amach i mbainistíocht daoine.
9. Ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a thomhas chun pleanáil agus soláthar clár agus seirbhísí comhtháite a spreagadh d'fhonn riachtanais i gCiarraí a bhaint amach.

## SPRIOC 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus Ceannaireacht

**Príomhchúram: Cinnte a dhéanamh go dtacaítear go héifeachtach lenár gcuspóirí straitéiseacha trínár bpróisis bhainistíochta agus riaracháin d'fhonn na caighdeáin is airde cuntasachta, comhlíonta agus trédhearcachta a chinntiú.**

1. Cumarsáid inmheánach reatha a athbhreithniú, straitéis cumarsáide inmheánaí stuama a bheachtú agus a fhorbairt ina gcuirtear ár spriocanna straitéiseacha in iúl, ina dtugtar soiléiriú ar struchtúir, róil agus freagrachtaí eagraíochtúla ag gach leibhéal agus ina ndírítear aird ar phróisis chinnteoireachta.
2. Struchtúir agus próisis a athbhreithniú agus a fheabhsú chun cur le héifeachtacht na heagraíochta agus cur le caighdeán na cumarsáide a dhéanaimid leis na páirtithe leasmhara ar fad.
3. Ár gcleachtais agus beartais reatha maidir le hacmhainní daonna a athbhreithniú agus a fheabhsú d'fhonn riachtanais straitéiseacha BOO Chiarraí a bhaint amach.
4. Ár gcumais agus inniúlachtaí ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt d'fhonn ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
5. Ár gcumas maidir le pleanáil acmhainní agus bainistiú oibríochtúil a fheabhsú ag gach leibhéal den eagraíocht. Bainfimid úsáid as oiliúint, CPD agus struchtúir eagraíochtúla níos oiriúnaí.
6. Ár gcórais bainistithe faisnéise a fheabhsú chun sonraí atá cothrom le dáta, ábhartha agus cruinn a chur ar fáil ar fud na heagraíochta d'fhonn pleanáil agus soláthar seirbhíse a fheabhsú agus a bheith ag teacht lenár straitéis.
7. Cumais straitéiseacha an Bhoird agus na gcoistí gaolmhara maidir le comhlíonadh agus rialachas a fhorbairt i gcónaí.
8. Cultúr maidir le feabhsú leanúnach agus cleachtas athmhachnaimh a chur chun cinn.

## SPRIOC 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

**Príomhchúram: Margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar ár seirbhísí, ár mbranda a fhorbairt agus cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara ar fad.**

1. Gach straitéis agus meicníocht reatha atá ag BOO Chiarraí maidir le cumarsáid agus caidreamh poiblí a iniúchadh agus a athbhreithniú.
2. Feidhm chumarsáide thiomnaithe a bhunú laistigh de BOO Chiarraí d'fhonn cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú.
3. Straitéis caidrimh phoiblí agus margaíochta BOO Chiarraí a fhorbairt d'fhonn fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú.
4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm.
5. Straitéis a fhorbairt chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht na meán sóisialta chun brandáil a dhéanamh ar an eagraíocht agus an eagraíocht a chur chun cinn.
6. Aip BOO Chiarraí fhairsing a fhorbairt lena húsáid ag lucht spéise inmheánacha agus seachtracha.
7. Réimse leathan roghanna maidir le dul chun cinn a dhéanamh laistigh de chláir BOO Chiarraí a leagan amach d'fhoghlaimeoirí.
8. Foilseacháin ábhartha i réimse éagsúil formáidí inrochtana a fhorbairt agus a ullmhú do dhaltaí agus tuismitheoirí ina dtugtar míniú ar an gcóras cáilíochta, an foras cáiliúcháin, an measúnú atá ag teastáil chun an cháilíocht a bhaint amach agus na roghanna a bhaineann leis an gcáilíocht maidir le dul chun cinn a dhéanamh.
9. An cur chuige foriomlán i leith cumarsáid inmheánach agus sheachtrach a fheabhsú.

## SPRIOC 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú

**Príomhchúram: Na deiseanna oiliúna agus forbartha atá ar fáil do bhaill foirne a fhorbairt agus a fheabhsú i gcónaí agus an timpeallacht ina n-oibríonn baill foirne agus ina mbíonn foghlaimeoirí i mbun foghlama a fheabhsú.**

1. An creidiúnú um Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach ar fud na heagraíochta.
2. Athbhreithniú eagraíochta a chur i gcrích ina ndírítear ar bheartais, struchtúir agus róil d'fhonn bheith ag teacht go maith leis an straitéis oideachais agus oiliúna do BOO Chiarraí.
3. Leanúint de chláir oiliúna agus forbartha ar leith a leagan amach agus a chur ar fáil d'fhonn riachtanais a aithníodh sa phróiseas bainistithe feidhmíochta a bhaint amach.
4. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do scéim fholláine na foirne agus de thacaíocht a thabhairt do dheiseanna ag baill foirne maidir le forbairt ghairme agus aistriú poist.
5. Leanúint de chláir agus réimse straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun cur le sláinte intinne dhearfach mac léinn, foghlaimeoirí agus ball foirne.
6. An úsáid a bhaintear as ár saoráidí a uasmhéadú agus a fheabhsú agus tabhairt faoi iniúchóireachtaí sláinte agus sábháilteachta go rialta chun na caighdeán na dtimpeallachtaí oibre agus foghlama a uasmhéadú.
7. Cláir agus acmhainní a chur ar fáil chun tacú le Forbairt Ghairmiúil leanúnach maidir le cláir.
8. Cinnte a dhéanamh de go bhfuil gach aon cheann dár bhfoirgnimh oiriúnach i leith na riachtanais a chuirtear ar fáil, laistigh de na hacmhainní a chuirtear ar fáil.
9. Tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitil/foirgníochta trína dtacaítear le comhtháthú níos fearr maidir le Cláir Oideachais agus Oiliúna a chur ar fáil.

# Aguisín III / Liosta na bhFíoracha agus Aguisíní

| Uimhir | Ainm |
|---|---|
| **Fíor 1** | Láithreacha Ionaid BOO Chiarraí |
| **Fíor 2** | Bunluachanna BOO Chiarraí |
| **Fíor 3** | Struchtúr Eagraíochta |
| **Fíor 4** | Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí – 9 Sprioc Straitéiseach |
| **Fíor 5** | Dréacht-Tuarascáil Cur Chun Feidhme |

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| **ABE** | ABE Oideachas Bunata Aosach |
| **BOM** | Bord Bainistíochta |
| **BTEI** | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| **CL** | Imlitir |
| **CNS** | Scoil Náisiúnta Phobail |
| **CPD** | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| **CTC** | Ionad Oiliúna Pobail |
| **DCEDIY** | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| **DEIS** | Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh |
| **DoE** | An Roinn Oideachais |
| **DPER** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| **DSEL** | Scoileanna i mBun Forbartha, Foghlaim Shaibhrithe |
| **EAL** | Béarla mar Theanga Bhreise |
| **ESBS** | Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais |
| **ESOL** | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| **ETB** | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **ETBI** | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| **FET** | Breisoideachas & Oiliúint |
| **HR** | Acmhainní Daonna |
| **ICT** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide |
| **IELTS** | Córas Idirnáisiúnta Tástála Béarla |
| **KRSP** | Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí |
| **LCDC** | Coistí Forbartha Pobail Áitiúil |
| **LCYP** | Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach |
| **LGBTI+** | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach |
| **MOU** | Meabhrán Tuisceana |
| **MS** | Microsoft |
| **NQSF** | An Creat Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (le haghaidh Obair don Ógra) |
| **OS&D** | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| **PDA** | Comhaontú Feidhmíochta |
| **PE** | Corpoideachas |
| **PLC** | Iar-Ardteistiméireachta |
| **PLSS** | Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir |
| **POR** | Duine Freagrach |
| **QA** | Dearbhú Cáilíochta |
| **QQI** | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| **RDP** | Foghlaim Roimhe seo a Aithint |
| **RSE** | Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta |
| **SEN** | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| **SIC** | Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha |
| **SLA** | Comhaontú Seirbhíse |
| **SNA** | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| **SSE** | Féinmheastóireacht Scoile |
| **SST** | Foireann Tacaíochta Mac Léinn |
| **TEL** | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| **VEC** | Coiste Gairmoideachais |
| **VTOS S** | céim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| **WAN** | Líonra Achair Fhairsing |
| **WSE MLL** | Meastóireacht ar an Scoil Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim |

## Áitribh BOO Chiarraí

**Ceannoifig**
Cóiríocht Ceannoifige

**Bunscoileanna**
Scoil Náisiúnta Phobail Dhá Mhíle, Cill Airne
Scoil Náisiúnta Phobail Tathuile, Tathuile
Pobalscoil Náisiúnta Scoil an Ghleanna

**Iar-Bhunscoileanna**
Coláiste Pobail Oileán Chiarraí
Scoil Chuimsitheach an Tóchair
Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín
Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí
Coláiste Pobail Chill Airne
Coláiste Pobail Chill Orglan
Coláiste na Ríochta, Lios Tuathail
Coláiste Gleann Lí, Trá Lí

**Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chiarraí (Coláiste Chiarraí)**
Coláiste Chiarraí, Campas na Claise
Coláiste Chiarraí, Campas Shráid Deiní
Coláiste Chiarraí, Campas Lios Tuathail
Coláiste Chiarraí, Campas Mhóin an Bhaile
Coláiste Chiarraí, Oifig Iontrála
Coláiste Chiarraí, Campas Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer (NCOET), Cill Orglan (lena n-airítear Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne)

**Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna**
Ionad FET Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín
Ionad FET an Tóchair, An Tóchar
Ionad FET Neidín
Ionad FET Tech Amergin, An Coireán
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin

| Scoil | Ionadaíocht ar an BOM |
|---|---|
| Pobalscoil Inbhear Scéine | 3 |
| Pobalscoil Chorca Dhuibhne | 3 |
| Scoil Phobail Sliabh Luachra | 3 |

**Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)**
VTOS Thrá Lí
VTOS Chill Airne
VTOS Lios Tuathail
VTOS Chill Orglan

**Litearthacht Aosach agus Oideachas Bunata**
Ionad Oideachais Litearthachta Aosach agus Oideachais Bhunata Thrá Lí
Ionad Pobail Oileán Chiarraí
Ionad Oideachais Litearthachta Aosach agus Oideachais Bhunata Chill Airne
Ionad Oideachais Litearthachta Aosach agus Oideachais Bhunata Chill Orglan
Ionad Oideachais Litearthachta Aosach agus Oideachais Bhunata Lios Tuathail

**Ógtheagmháil**
Ógtheagmháil Thrá Lí
Ógtheagmháil LCA, Áras an Phobail, Trá Lí
Ógtheagmháil Chill Airne
Ógtheagmháil Lios Tuathail

**Ionad Spóirt**
Comhlacht Réigiúnach Fóillíochta agus Spóirt Thrá Lí, faoi Theorainn Ráthaíochta

**For-rochtain**
Breis agus 50 ionad ar fud an chontae.

